


arna chur i láthair ag Coiste an Oideachais de Mheitheal an Chomhaltais



TRAD IS FAB

Scéim Ceachtanna Closamhairc
don Bhunscoil

TRAD IS FAB

CLÁR AN ÁBHAIR

RÉAMHRÁ	2
BUÍOCHAS	4
IONAID	5
TRAD IS FAB	6

AONAD 1 UIRLISÍ GAOITHE

CEACHT 1 AN FHEADÓG	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	7
<i>Plean Ceachta</i>	9
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	11
CEACHT 2 AN FHEADÓG MHÓR	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	12
<i>Plean Ceachta</i>	14
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	16

AONAD 2 UIRLISÍ TÉIDE

CEACHT 3 AN CHLÁIRSEACH	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	17
<i>Plean Ceachta</i>	19
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	21
CEACHT 4 AN VEIDLÍN	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	22
<i>Plean Ceachta</i>	24
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	26
CEACHT 5 AN BAINSEO	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	27
<i>Plean Ceachta</i>	39
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	31

AONAD 3 UIRLISÍ FEAGA

CEACHT 6 AN CAIRDÍN CNAIPÍ	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	32
<i>Plean Ceachta</i>	34
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	36
CEACHT 7 AN CONSAIRTÍN	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	38
<i>Plean Ceachta</i>	39
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	41

CEACHT 8 AN CAIRDÍN PIANÓ	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	42
<i>Plean Ceachta</i>	43
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	45

AONAD 4 AN PHÍB UILLEANN

CEACHT 9 AN PHÍB UILLEANN	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	46
<i>Plean Ceachta</i>	48
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	50

AONAD 5 AN BODHRÁN

CEACHT 10 AN BODHRÁN	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	51
<i>Plean Ceachta</i>	52
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	54

AONAD 6 AN ENSEMBLE

CEACHT 11 CEOL BEIRTE / CEOL TRIÚIR / AN GRÚPA CEOL	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	55
<i>Plean Ceachta</i>	56
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	58

CEACHT 12 AN BANNA CÉILÍ / AN PIANÓ / NA DRUMAÍ	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	59
<i>Plean Ceachta</i>	60
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	62

AONAD 7 CEOL AN BHÉIL

CEACHT 13 AMHRÁNAÍOCHT / PORTAIREACHT	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	63
<i>Plean Ceachta</i>	65
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	66

AONAD 8 DAMHSA

CEACHT 14 DAMHSA SEAN-NÓIS / DAMHSA CÉIME / DAMHSASEITE	
<i>Nótaí don Mhúinteoir</i>	67
<i>Plean Ceachta</i>	68
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	70


AONAD 9 CINEÁLACHA FOINN

CEACHT 15 RÍL / PORT / FONN MALL / CORNPHÍOPA	
<i>Nótaí don Mhúinteoir -</i>	
<i>CEACHT 15 & 16</i>	71
<i>Plean Ceachta</i>	73

CEACHT 16 POLCA / SLEAMHNÁN / MÁIRSEÁIL	
<i>Plean Ceachta</i>	75
<i>Bileog Oibre don Dalta</i>	77

NÓTAÍ	78
------------------------	----

LIOSTA LÉITHEOIREACHTA	80
---	----



Ceol, Amhránaíocht agus Damhsa Traidisiúnta na hÉireann: Beagán Staire

Traidisiún béaloideas atá le ceol traidisiúnta na hÉireann. Ciallaíonn sin go bhfuil sé á chur ar aghaidh riamh anall ó ghlúin go glúin trí éisteacht, cur de ghlanmheabhair agus cur i láthair. An tráth a mbíodh an chuid is mó de na daoine gan scríobh ná léamh in Éirinn, bhíodh ceoltóirí agus amhránaithe in ann na céadta fonn agus amhrán a choinneáil ina meabhair agus iad ar fad a chur díobh.

Tá an chuid is mó den cheol is luaithe a bhí in Éirinn imithe i ndearmad mar gheall ar an traidisiún béil. Tá eolas ar fhonn ársa anseo agus ansiúd mar gheall ar nótaí a bhreac manaigh ar chorr lámhscríbhíne. Tá eolas freisin ar uirlis téide amháin a raibh fidil mar ainm uirthi.

I rith an séú haois déag agus an seachtú haois déag, ba mhinic cruitirí agus píobairí cuairte faoi phátrúnacht ag lucht na ‘dtithe móra’ agus cé go raibh saol sócúil go maith ag roinnt acu, bhí cruatan agus bochtanas i gceist don chuid is mó acu agus iad ag fánaíocht ó áit go háit ag lorg bia agus foscaidh ar dhreas nua cumadóireachta nó ar cheol a sheinm. Ba daill cuid mhaith acu a théadh timpeall na tíre ar mhuintir capaill agus treoraí ag déanamh fios an bhealaigh dóibh.

San ochtú haois déag, ba mhór i gceist an máistir damhsa, go háirithe i ndeisceart na tíre. Shiúilidís a ndúiche féin ag múineadh do na leanaí leis an damhsa a dhéanamh. Dream mórtasach a bhí iontu agus is minic a mhúinidís damhsa a bhíodh ceaptha go speisialta acu do na daltaí is fearr ionas go mbeadh toradh a gcuid eolais á chur i láthair do mhuintir na háite. Ba iad na máistirí damhsa ba chúis chomh maith leis an damhsa seite a thabhairt isteach go hÉirinn as tíortha na hEorpa.

Ba mhór an buille don cheol, don amhránaíocht agus don damhsa traidisiúnta in Éirinn Gorta Mór na mblianta 1845 - 1849. Bhí lucht an cheoil, na n-amhrán agus an damhsa ag fáil bháis den ocra, i dtithe na mbocht nó imithe ar imirce d’fhonn saol níos fearr. Thagair scríbhneoirí na linne don chiúnas a tháinig ar an taobh tíre ina mbíodh amhráin roimhe sin. Lean an lucht ealaíne traidisiúnta a chuaigh go Sasana, go hAlbain agus go Meiriceá dá gcuid ceoil agus eile sna tíortha nua.

Bhí tarraingt cheoltóirí Éireannacha ar Nua-Eabhrac i dtús an fichiú haois agus iad ag lorg oibre agus is minic a bhí siad ina gceoltóirí gairme ag seinm in ionaid éagsúla. D’fhág stiúideonna taifeadta go bhféadfaí den chéad uair riamh ceol agus amhráin thraidisiúnta na hÉireann a thaifeadadh agus a sheoladh ar ais go hÉirinn. Chuaigh sin i gcionn go mór ar na ceoltóirí a bhí fanta sa tír. Tá cuid mhór de na ceoltóirí a ndearnadh taifeadadh orthu i Nua-Eabhrac an tráth sin a meastar anois gur cuid de phór síl an cheoil againn iad.

Is dócha gurbh é Comhaltas Ceoltóirí Éireann a chur ar bun an rud is mó a raibh tionchar aige ar cheol traidisiúnta na hÉireann a thabhairt chun cinn. Bunaíodh an Comhaltas sa Mhuileann gCearr sa bhliain 1951 agus é de chuspóir aige ceol, amhránaíocht agus damhsa traidisiúnta na hÉireann agus teanga na Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn agus b’shin tús le gluaiseacht a bhfuil ceann de na heagraíochtaí deonacha is mó rath in Éirinn de thoradh air. Tá ceithre chéad brainse den Chomhaltas ar fud ceithre mhór-roinn anois agus ceathracha míle ball san eagraíocht. Eagraíodh an chéad Fhleadh Cheoil sa Mhuileann gCearr sa bhliain 1952. Tháinig oiread foráis ar an bhFleadh gur tosaíodh sa deireadh ar a heagrú ar bhonn contae agus cúige chomh maith leis an leibhéal uile-Éireann. Bíonn fleadhanna freisin i Sasana, in Albain, i Meiriceá, i gCeanada agus san Astráil. Tá Fleadh Cheoil na hÉireann ar cheann de na féilte ceoil is mó san Eoraip agus tarraingíonn sí suas le ceathrú milliún duine de lucht éisteachta i mí Lúnasa.

Tá cuid mhór de na ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí traidisiúnta is mó a bhfuil cáil orthu ar bhonn tráchtála a d’fhoghlaim a gceird i ranganna an Chomhaltais. Bíonn níos mó ná míle rang sa cheol, san amhránaíocht agus sa damhsa traidisiúnta á n-eagrú ag an gComhaltas ar fud na hÉireann agus ar fud na Breataine, Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa tSeapáin agus san Astráil agus i gcathracha éagsúla, mar shampla Moscó, Budapest, Sydney agus Melbourne.

Tá meas sa lá atá inniu ann ar Cheol, ar Amhránaíocht agus ar Dhamhsa Traidisiúnta na hÉireann, gan trácht go deimhin ar a bheith faiseanta. Ní dhéantar aon idirdhealú aicmeach ann agus bíonn daoine den iliomad cine ar fud an domhain ag gabháil dó.

An Comhaltas agus Cúrsaí Oideachais.

Ábhar mór mórtais do Chomhaltas Ceoltóirí Éireann an nós seanbhunaithe a bhaineann le cúrsaí oideachais ann agus an toradh a bhí riamh air sin. Ó bunaíodh an eagraíocht sa bhliain 1951, tá ar phríomhchuspóirí an Chomhaltais nósanna agus cultúr na hÉireann a chur ar aghaidh trí na cláir oideachais.

Bíonn níos mó ná 600 rang in aghaidh na seachtaine i seinm uirlisí traidisiúnta, san amhránaíocht agus sa damhsa, á rith ag brainsí áitiúla an Chomhaltais ar fud na hÉireann, san Eoraip, i Meiriceá, i gCeanada agus go deimhin níos faide ó bhaile. Is iomaí brainse inar féidir uirlisí a thógáil ar cíos nó a fháil ar iasacht, go mór mór uirlisí daora, mar shampla an Phíb Uilleann agus an Chláirseach.

Bíonn cúrsaí samhraidh (mar shampla an Scoil Éigse agus Meitheal, an Scoil Samhraidh Cónaithe) ag a mbíonn deis feabhas a chur ar an gcumas ceoil trí cheardlanna, léachtaí, ranganna máistreachta agus ceachtanna.

Scrúdú Ceol Tíre - SCT, scála inniúlachta 12 leibhéal nach leis an tseinm amháin a bhaineann sé ach leis an teoiric, leis an stair agus leis an ornáidíocht i gceol traidisiúnta na hÉireann.

Teastas i dTeagasc Ceolta Tíre - Cuireann cúrsa / scrúdú Dioplóma Múinteoireachta an TTCT bonn treise faoin eolas ar an uirlis trí iniúchadh domhain a dhéanamh ar theoiric an cheoil agus ar stair an cheoil, chomh maith le modhanna múinteoireachta agus cúrsaí oideachais. Déantar measúnacht ar na múinteoirí de réir a gcumas i seomra ranga dáiríre agus ar aiste a chuireann siad faoi bhráid don scrúdú.

Cúrsa le creidiúnas Fetac an Teastas Taibhréime a bhaineann le scileanna taibhréime don cheol, don amhránaíocht agus don damhsa traidisiúnta a eagraítear in Ionad Cultúir Bhrú Ború i gCaiseal.

Is cuid lárnach de chuspóirí an Chomhaltais an Teanga Ghaeilge. Tá clár de leithéid “Focal ar Fhocal” Chraobh Chualann ag cuidiú leis an nGaeilge a tharraingt isteach i ngnáthimeachtaí an lae sa Chomhaltas. Déantar gach dícheall ár gcuid imeachtaí agus ár gcuid foilseacháin a bheith dátheangach nuair is féidir sin agus is cuid den soiscéal againn gur gné bhunúsach agus gné thairbheach d’oidhreacht an náisiúin í an Ghaeilge.

Tá an Comhaltas ag díriú amach anois ar an gcéad chéim eile de na cláir oideachais, na hacmhainní is gá a chur ar fáil do na bunscoileanna chun ceol, amhránaíocht agus damhsa Gaelach a chur i láthair agus a mhúineadh sa seomra ranga. Tá na cláir nua leagtha amach sa chaoi agus gur féidir le múinteoirí a bhfuil eolas acu ar an traidisiún agus le múinteoirí nach bhfuil taithí acu air roimhe seo iad a úsáid.

Is ábhar mór bróid dúinn “Trad is Fab” a chur i láthair, clár den nuáil atá cóirithe don dalta lena bhféachtar le ceol, amhránaíocht agus damhsa traidisiúnta na hÉireann a chur i láthair gach dalta bunscoile in Éirinn agus thar lear. Táthar den tuairim gur chóir an deis a thabhairt dár gcuid leanaí ar fad blas a fháil ar an gcultúr dúchais agus páirt a ghlacadh i réimse mór fairsing imeachtaí dá mba mhian leo sin. Tugtar cuireadh do na leanaí, le Trad is Fab, tosú amach ar an mbóthar sin.

BUÍOCHAS

Glacann Comhaltas Ceoltóirí Éireann buíochas ó chroí le gach duine a chuidigh leis an obair seo a thabhairt chun críche.

Ceannairí Tionscadail:

Attracta Brady

Sarah Jane Woods

Mar gheall ar shár-iarrachtaí agus tiomantas Attracta agus Sarah Jane, beidh an tionscadal seo mar chuid lárnach de chlár oideachais an Chomhaltais. Ní fhéadfaí an tionscadal seo a chur i gcrích gan an paisean agus an fóirspéis atá acu in oidhreacht cheoil na hÉireann agus sna daoine a ndíríonn an tionscadal orthu. Buíochas ó chroí don bheirt agaibh.

Cairde agus comhaltaí choiste oideachais na Meithle agus cairde a thug cúnamh le linn na hoibre:

Séamas Mac Cormaic

Mícheál Ó hAlmhúain

Adrian Ó Brádaigh

Sharon Carroll

Willie Larkin

Amy Delaney

Kathleen Nesbitt

Siobhán Ní Chonaráin

Méabh Ní Lochlainn

Grainne Hambly

Tomás Mac Uileagóid

Bernard O'Sullivan

Na múinteoirí ar fad a chuidigh le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bpacáiste píolóiteach.

Is mian liom Jim McAllister a lua go speisialta as ucht cúnamh seasta agus comhoibriú leanúnach le gach gné den chlár.

Tá buíochas faoi leith ag dul do Willie Fogarty mar gheall ar a chuid saineolais agus a chuid staidéir le linn bhuntaifeadadh a dhéanamh ar an lucht oifídeachta ar fad. Má tháinig oícheanta fada tar éis laethanta fada oibre, níorbh saothar in aisce é.

Glactar buíochas le Forefront TV as cead leas a bhaint as lón scannáin ó na cláir faoi Fhleadh Cheoil na hÉireann ó na blianta 2007, 2008 agus 2009. Tá buíochas ag dul freisin don lucht ceoil agus damhsa ó na cláir sin atá ar taifead ar an DVD.

The Irish version of the DVD was greatly enhanced by the voice of Daithí Ó hÓgáin. Thanks also to Daithí for his hours of painstaking translation of all the voice overs into Gaeilge.

We thank Europus, Galway for the translation into an Teanga Gaeilge.

Táthar an-bhuíoch de Jason agus de Gary in Geometry Ltd. Is léir a ndíograis agus a gcuid gairmiúlachta sin ar thoradh a gcuid oibre maidir le Trad is Fab.

Tá buíochas speisialta ag dul do na ceoltóirí agus do na damhsóirí ar an DVD.

Luke Devaney – Cairdín Pianó

Marita Staunton agus Luke O'Brien – Ceol Beirte

Padraig Collins – An Chláirseach

George McAdam – An Bainseo

Amy Stone – An Consairtín

Darach Mac Mathúna – Damhsa ar an sean nós

Shane Keating – An Phíb Uilleann

Aoife Ní Chiaráin – An Fheadóg

Liam Ó Briain – An Veidhlín

Natasha Sheehy – An Cairdín Cnaipí

Eamon Rooney – An Bodhrán

Burren Céilí Band

Theresa Clarke – An Fheadóg Mhór

Jamie McKeogh, Claire Anne Kearns,

Rhona Lynch – Ceol Triúir

Labhrás Ó Murchú

Labhrás Ó Murchú

Ard Stiúrthóir an Chomhaltais.

IONAID

SONRAÍ COMHFHREAGRAIS MAIDIR LE BREIS EOLAIS:

Comhaltas Ceoltóirí Éireann Cultúrlann na hÉireann

32 Cearnóg Belgrave

Baile na Manach

Co. Bhaile Átha Cliath

www.comhaltas.com

info@comhaltas.com

+353 12800 295

IONAID RÉIGIÚNACHA AN CHOMHALTAIS

Bru Ború

Caiseal

Co. Thiobraid Árann

+353 62 61122

info@bruboru.ie

Áras an Mhuilinn

Mount Street

An Muileann gCearr

Co. na hIarmhí

+353 44 9330644

eolas@arasanmhuilinn.ie

Brú na Sí

Eochaill

Co. Chorcaí

+353 87 7934504

michealdebuiteir@msn.com

Clasac

Bóthar Alfie Byrne

Cluain Tairbh

Baile Átha Cliath 3

+353 1 8363060

info@clasac.ie

Cois na hAbhna

Bóthar na Gaillimhe

Inis

Co. an Chláir

+353 65 6824276

coisnhabhna@comhaltas.net

Dún Uladh

Bóthar Dhroim na Coille

An Ómaigh

Co. Thír Eoghain

+44 28 8224 2777

info@dunuladh.ie

Dún na Sí

An Móta

Co. na hIarmhí

dunNaSi@comhaltas.net

Kilrush Regional Outreach Centre

Grace Street

Cill Rois

Co. an Chláir

Kilrush@comhaltas.net

Meitheal an Íarthar/ Ceoláras Coleman / Regional Resource Centre

Ceoláras Coleman

Goirtín

Sligeach

+353 71 91 82225

meitheal.gurteen@comhaltas.com

Morrison Teach Ceoil

Baile Idir Dhá Abhainn

Co. Shligigh

+353 71 9165283

postmaster@morrison.ie


Oriel Centre

Dún Dealgan

Co. Lú

+353 42 9328887

info@orielcentre.ie



TRAD IS FAB

Scéim Ceachtanna Closamhairc don Bhunscoil

TÚS TUISCEANA AR CHEOL TRADISIÚNTA NA HÉIREANN

Ceachtanna do leanaí i rang a trí agus rang a ceathair (8 - 10 mbliana d'aois) atá sa scéim seo a bhfuil DVD ag dul leis. Is léir an tábhacht atá le 'Éisteacht agus Freagairt' maidir le ceol traidisiúnta na hÉireann ón sliocht seo a leanas as Curaclam na Bunscoile, Ceol, Treoirínte do Mhúinteoirí (*leath.57*).

Éisteacht le Ceol na hÉireann

Is féidir traidisiún na hÉireann mar náisiún de cheoltóirí a rianú ó na miotais agus ó na finscéalta luatha anonn go dtí an saibhreas mór de cheoltóirí traidisiúnta agus de chumadóirí, de chóiritheoirí agus d'oifidigh nuacheoil an lae inniu. Ar thágáil na bunscoile dóibh, ba chóir go mbeadh feacht ar uirlisí traidisiúnta na hÉireann agus léirthuisicint dóibh ag páistí—an fheadóg stáin, an fhliúit Ghaelach, an phib uillinn, an bodhrán, an fhidil, an consairtín, an cairdín, chomh maith leis an gcláirseach—agus ba chóir go n-éistfidís le raon de cheol na hÉireann (ceol rince, bailéid, suantraihte, amhráin oibre, srl.) agus le raon de cheoltóirí.

LÉARGAS GINEARÁLTA

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

- Tugtar deis don dalta na huirlisí is tábhachtaí sa traidisiún a aithint.
- Tugtar buntuisicint don dalta chomh maith ar dhá ghné thábhachtach eile den traidisiún, amhránaíocht agus damhsa.
- Leagtar béim trí cheisteanna agus trí ghníomhaíocht faoi threoir ar na príomhghnéithe den cheol, mar shampla, buille, cuisle, luas, fad, airde agus tondath.
- Tugtar réimse amchomharthaí de chineálacha éagsúla i gceist sa chuid maidir le 'Tiúineanna de Chineálacha Éagsúla'.

CEACHT 1 An Fheadóg

Beagán de stair na Feadóige

Tá uirlisí de chineál na feadóige á seinm ar fud an domhain leis na mílte bliain agus luaitear uirlis den sórt seo i seanscéalta ársa na hÉireann. Chuireadh Aileann, taoiseach na dTuatha Dé Danann, muintir na nGael i dTeamhair chun suain le ceol na feadóige gach bliain ar feadh trí bliana is fiche nuair a thagadh Oíche Shamhna agus chuireadh sé pálás an rí trí thine ansin. Fuair Fionn Mac Cumhaill an ceann is fearr ar Aileann sa deireadh.

Is léir ó obair thochailte i lár Bhaile Átha Cliath go mbíodh feadóga déanta as cnámha acu sa dara céad déag nach mbíodh iontu ach dhá pholl do na méara. Tháinig an fheadóg (*nó an feadóg stáin*) atá againn sa lá atá inniu ann go mór chun cinn nuair a tosaíodh ar chineál an 'Clarke Pennywhistle' a dhéanamh agus ar chineál an 'Generation' ina dhiaidh sin. Is iomaí cineál feadóige, idir ábhar agus dathanna, atá á dhéanamh ag déantúsóirí éagsúla anois.

Cén chuma atá ar an bhFeadóg?

Sorcóir miotail a bhíonn san fheadóg le béalóg plaistigh ar a dtugtar an fiobal. Sé cinn de phoill a bhíonn sa bhfeadán miotail do na méara.



Sampla den ghnáthfheadóg D

Is iondúil gur feadóg i ngléas D a úsáidtear don cheol traidisiúnta. Ciallaíonn sin gur nóta D a bhaintear aisti nuair a bhíonn na poill ar fad clúdaithe. Is féidir feadóga ar fhad éagsúla a fháil de réir tuainirde. Dá fhaide an fheadóg is ea is ísle nóta an ghléis.



Samplaí d'Fheadóga éagsúlanach ionann fad ná tuainirde dóibh

Conas a sheinntear an Fheadóg?

Beireann an ceoltóir ar an uirlis le lámh amháin in uachtar agus an lámh eile ag bun na feadóige. Séidtear isteach sa bhéalóg agus baintear nótaí le ton glé milis aisti trí na méara a bhogadh go ndúntar agus go n-osclaítear poill éagsúla.

CEACHT 1 An Fheadóg

Díol Suime

- Is uirlis an-shaor go deo an fheadóg nach gcosnaíonn níos mó ná cúpla Euro.
- Baineadh úsáid as an bhfeadóg sna fuaimrianta le scannáin, ‘Titanic’ ina measc. Bhí an fheadóg in eagrán den chlár ‘Star Trek’ fiú amháin!
- Tá an fheadóg le cloisteáil sa cheol ag na bannaí ‘The Corrs’ agus ‘The Cranberries’.

An Clarke Pennywhistle



Sampla den fheadóg cháiliúil, an Clarke Pennywhistle

Sa bhliain 1843, thosaigh oibrí feirme i Sasana, dárbh ainm Robert Clarke, ar an bhfeadóg cháiliúil, an ‘Clarke Pennywhistle’ a dhéanamh. Bhí feadóg bheag adhmaid ag Robert a sheinneadh sé féin. Chuala sé go raibh ábhar nua ar fáil a raibh stán á thabhairt air agus d’iarr sé ar ghabha stán a chur ar fáil dó agus taispeáint dó conas feadóg cosúil leis an gceann adhmaid a dhéanamh as an gcineál nua miotail. D’oibrigh an fheadóg stáin chomh maith sin gur shocraigh Robert gnó déantúsaíochta a chur ar bun ag déanamh na n-uirlisí nua. Thosaigh oibríthe as Éirinn a bhí ag obair ar na bóithre iarainn agus ar chanálacha i Sasana ag an am ag seinm an ‘Clarke Whistle’. Thug na hÉireannaigh seo ar ais go hÉirinn iad agus ní fada go raibh tóir mhór ar na feadóga stáin mar uirlisí ceoil. As pláta stáin a dhéantar an uirlis i gcónaí agus bíonn pluga adhmaid sa bhéalóg. De lámh a dhéantar an obair mhín i gcónaí agus, an rud is tábhachtaí ar fad, tá an cró cónúil traidisiúnta a d’úsáid Robert Clarke, agus a thugann an fhuaim shainiúil don uirlis, in úsáid i gcónaí.

CEACHT 1 An Fheadóg

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- rangú agus cur síos a thabhairt ar fhuaimneanna éagsúla i réimse cúng i.e. uirlisí gaoithe.
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí gaoithe.
- am a sé a hocht a thabhairt faoi deara (*port*).

Acmhainní



/ AONAD 1 Uirlisí Gaoithe / CEACHT 1 An Fheadóg

BILEOG OIBRE 1 DON DALTA An Fheadóg

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).
- am a sé a hocht a thabhairt faoi deara (*port*)

TUISCINT D’AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- cuid éagsúil nó cuid a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- finte éagsúla uirlisí a aithint (*uirlisí gaoithe*).

Éisteacht

Seinneann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfuil triúr ceoltóirí óga feadóige.

CEACHT 1 An Fheadóg

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos óna daltaí.

AIRDE Tosaíonn an scála ag tús an tsleachta ar nóta ard agus tagann sé anuas nóta amháin ag an am. An bhfuil tú in ann do lámh a bhogadh chun na hathruithe sin a léiriú?

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an bport seo?

LUAS An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Ceol damhsa atá anseo agus seinntear faoi luas bríomhar é. An bhfuil aon duine sa rang ag foghlaim le Damhsa Gaelach a dhéanamh? B'fhéidir go mbeadh cuid de na daltaí a dhamhsódh port.

TONDATH An bhfuil tú in ann cur síos ar an bhfuaim ón uirlis gaoithe seo? (*glan, soiléir, cosúil le éan etc.*) An bhfuil tú in ann uirlisí gaoithe eile a ainmniú?

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na píosaí a thagann arís agus arís eile sa cheol? An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh dheas a choinneáil in airde i rith na coda tosaigh agus athrú go dtí an lámh chlé i rith an dara páirt agus mar sin de.

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach, croíúil*).

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanáil cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD de bheirt cheoltóirí feadóige.
- Plé ghairid d'fhonn acoimre a thabhairt ar ghnéithe den fheadóg.
- Bileog Oibre 1 don Dalta: **An Fheadóg**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Uirlisí gaoithe simplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 1 Uirlisí Gaoithe

CEACHT 1 An Fheadóg

- **CÉ ACU UIRLIS A CHONAIC TÚ AR AN DVD?** (*Tarraing Ciorcal Timpeall ar an gCeann Ceart*)



A. An Fhliúit B. Fheadóg C. An Phíb Uilleann D. An Fhidil

- **LÍON ISTEACH NA FOCAIL ATÁ AR IARRAIDH**

1. Tá cinn de phoill ar an bhfeadán miotail san fheadóg.
2. Is uirlis (gaoithe / téide / feaga) an fheadóg.
3. Is í an lámh a bhíonn in uachtar ar an bhfeadóg.
4. Fi ____ a thugtar ar bhéalóg na feadóige.

- **FREAGAIR NA CEISTEANNA**

1. Cé na méara nach n-úsáidtear chun poill ar an bhfeadóg a chlúdach? _____
2. An seinntear an fheadóg trí shéideadh, scríobadh nó stoitheadh? _____
3. Cén t-ábhar as a ndéantar an fheadóg is iondúla a úsáidtear chun ceol traidisiúnta na hÉireann a sheinm? _____
4. Cé na focail a d'úsáidfeá chun cur síos ar an ton a thagann ón bhfeadóg? _____

- **ÚSÁID AN BOSCA THÍOS CHUN AON RUD EILE A D'FHOGHLAIM TÚ FAOIN BHFEADÓG A BHREACADH SÍOS.**

CEACHT 2 An Fheadóg Mhór

Beagán de stair na Feadóige Móire (nó na Fliúite)


Feadáin adhmaid a bhí sa chuid is luaithe de na feadóga móra agus tá uirlisí de chineál na fliúite ar fáil i ngach cearn den domhan. Is eol go bhfuil fliúiteanna simplí a séidtear go leataobhach iontu ar fáil san Eoraip leis na céadta bliain anuas.

Cén uair a tugadh an Fheadóg Mhór go hÉirinn?

Níl mórán fianaise staire ar fáil maidir leis an uair a tugadh an fhliúit go hÉirinn ar dtús, ach is léir gurb iad na feadóga móra gléasta a tugadh chun cinn i Sasana agus sa Ghearmáin i rith an 19ú céad an cineál is mó a bhaineann le ceol traidisiúnta na hÉireann. Is ar an gcineál sin a bhunaíonn lucht déanta fliúiteanna sa lá atá inniu ann uirlisí do cheoltóirí traidisiúnta.

Cén chuma atá ar an bhFeadóg Mhór?

As adhmaid a dhéantar na fliúiteanna a sheineann ceoltóirí traidisiúnta in Éirinn (e.g. *adhmad dubh na hAfraice*, *adhmad éabainn dhearg* nó *adhmad crann bosca*). Uaireanta déantar feadóga móra don tosaitheoir as ábhar saorga fadmharthanach. Bíonn sé cinn de phoill do na méara ar an bhfeadóg mhór. D'fhéadfadh gléasanna miotail a bheith uirthi chomh maith a ligeann don cheoltóir réimse nótaí níos leithne a sheinm. An embouchure a thugtar ar an bpoll sa chuid uachtair den fhliúit a séideann an ceoltóir sruth aeir trasna ann d'fhonn fuaim a bhaint as an uirlis. Ligeann an sleamhnán tiúnála don cheoltóir an uirlis a fhadú nó a ghiorrú rud a athraíonn airde ghléas na huirlise.



CEACHT 2 An Fheadóg Mhór

Conas a sheinntear an Fheadóg Mhór

Leataobhach a shéidtear an t-aer san fheadóg mhór a sheinneann an ceoltóir traidisiúnta. Fliúit thrasnach an t-ainm teicniúil uirthi. Séideann an ceoltóir sruth aeir trasna an embouchure go mbaintear fuaim aisti. Oibrítear na méara ar an mbealach céanna agus a oibrítear ar an bhfeadóg stáin. Bíonn méara na ciotóige ar na trí pholl uachtair agus méara na deasóige ar na trí pholl íochtair. Leis na trí méara tosaigh ar an dá lámh a osclaítear agus a chlúdaítear na poill.

Díol Suime

- Is ionann an fheadóg mhór a úsáideann an ceoltóir traidisiúnta agus an cineál a bhíodh in úsáid ag ceoltóirí clasaiceacha sna ceolfhoirne go dtí gur ceapadh Fliúit Boehm (*fliúit miotail feistithe leis na gléasanna ar fad*) sa bhliain 1847.
- Is ceoltóir traidisiúnta ar an bhfeadóg mhór é an damhsóir cáiliúil Michael Flatley.
- Ba cheoltóir feadóige móire an file Oliver Goldsmith.

CEACHT 2 An Fheadóg Mhór

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- rangú agus cur síos a thabhairt ar fhuaimanna éagsúla i réimse cúng i.e. uirlisí gaoithe.
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí gaoithe.

Acmhainní

 / **AONAD 1** Uirlisí Gaoithe / **CEACHT 2** Flute

BILEOG OIBRE 2 DON DALTA An Fheadóg Mhór

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir fuaimanna éagsúla agus uirlisí éagsúla (*an fheadóg mhór agus an fheadóg stáin*) a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte éagsúla uirlisí a aithint (*uirlisí gaoithe*).

Éisteacht

Seinneann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD de sheisiún neamhfhoirmeálta ina bhfuil beirt cheoltóirí fliúite.

CEACHT 2 An Fheadóg Mhór

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos óna daltaí.

AIRDE	Tosaíonn an scála ag tús an tsleachta ar nóta ard agus tagann sé anuas nóta amháin ag an am. An bhfuil tú in ann do lámh a bhogadh chun na hathruithe sin a léiriú?
BUILLE	An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an ríl seo?
LUAS	An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Ceol damhsa atá anseo. An bhfuil duine ar bith sa rang ag foghlaim le Damhsa Gaelach a dhéanamh? B'fhéidir go mbeadh cuid de na daltaí a dhamhsódh ríl.
TONDATH	An bhfuil tú in ann cur síos ar an bhfuaim atá ón uirlis gaoithe seo? (<i>fuaim adhmaid, fuaim mhilis, fuaim séidte, anála etc.</i>) An bhfuil tú in ann uirlisí gaoithe eile a ainmniú?
COMHDHÉANAMH	An dtugann tú faoi deara na codanna éagsúla sa tiún seo? An gcloiseann tú go bhfuil ceithre pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt aon uair amháin i ndiaidh a chéile agus seinntear an fonn ar fad arís ina dhiaidh sin. (<i>AABB / AABB</i>). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh dheas a choinneáil in airde i rith na coda tosaigh agus athrú go dtí an lámh chlé i rith an dara páirt agus mar sin de.
MOTHÚ	Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (<i>bríomhar, gliondarach</i>).

Cur in Iúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?
- An bhfuil nótaí na fliúite níos airde nó níos ísle ná nótaí na feadóige stáin? (*Tá na nótaí ar airde níos ísle mar gheall go bhfuil an uirlis níos mó agus níos faide.*)

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD ina bhfuil ceathrar ceoltóir ar fheadóga móra agus cláirseoir.
- Plé ghairid mar achoimre ar na difríochtaí is mó idir an fheadóg mhór agus an fheadóg stáin.
- Bileog Oibre 2 don Dalta: **An Fheadóg Mhór**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Uirlisí gaoithe adhmaid simplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann


AONAD 1 Uirlisí Gaoithe

CEAHT 2 An Fheadóg Mhór

- CHUALA TÚ SCÁLA AG TÚS AN ÁBHAIR FAOIN BHFEADÓG MHÓR.

**CÉ ACU LÉARÁID IS FEARR A LÉIRIÓNN
AN SCÁLA A CHUALA TÚ?**

CUIR TIC ✓ LEIS AN BHFREAGRA CEART



- CÉ ACU CINEÁL DEN FHEADÓG MHÓR A BHÍ LE FEICEÁIL AR AN DVD?

CUIR TIC ✓ LEIS AN BHFREAGRA CEART



A) Fliúit do cheoltóir ceolfhoirne



B) Fliúit adhmaid mar a úsáideann ceoltóirí traidisiúnta in Éirinn.

- Cén focal a d'úsáidfeá chun cur síos ar an ton atá ón bhFeadóg Mhór?

AONAD 2 UIRLISÍ TÉIDE

NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

CEAHT 3 An Chláirseach

Beagán de stair na Cláirsí (nó na Cruite)

Is cuid shainiúil de stair na hÉireann an chláirseach agus traidisiún na gcruitirí gairmiúla. Tá an uirlis á ceangal le hÉirinn ón seanré ársa. Na céadta bliain ó shin b'oirfideach oilte gairmiúil a bhíodh sa chruitire a sheinneadh in áras an taoisigh, ceannasaí an cheantair sa seanchóras Gaelach. Chumadh an chruitire píosaí casta ceoil a sheinntí ag bainseacha nó ag sochraidí, mar cheiliúradh tar éis an ceann is fearr a fháil i gcath, nó mar thionlacan le dánta.


Bhí athrú ar an traidisiún sin faoin 17ú haois nuair a bhí nósanna, teanga agus ceol na Sasanach níos faiseanta tar éis na bplandálacha. Bhí roinnt de chruitirí na hÉireann ina gceoltóirí fáin ina dhiaidh sin, ag taisteal ar fud na hÉireann ar chapall ag dul chuig tithe na dtiarnaí talún saibhre a bhí ina bpátrúin acu, agus ag cumadh píosaí ceoil (*an plancstaí*) agus amhráin dóibh.

Níorbh ionann an chruit a sheinntí in Éirinn fadó agus ceann an lae inniu. Sreanga miotail a bhíodh leo agus bhíodh ingne fada ar na chruitirí á seinm. Tháinig deireadh leis an seantraidisiún chruitireachta sin go luath sa 19ú haois. Tá d'ádh orainn gur scríobhadh síos cuid mhór de cheol na gcruitirí roimhe sin, ag Féile na gCruitirí i mBéal Feirste sa bhliain 1792 agus is féidir dá bharr sin an ceol sin á sheinm i gcónaí.

Sa 19ú haois bhíodh an chláirseach in úsáid ag cur tionlacain le hamhráin den chineál a chum agus a chóirigh Thomas Moore. Thosaigh daoine freisin ag úsáid cláirseacha a raibh snáithe caoláin mar théada iontu agus barr na méar á n-úsáid lena seinm. Tá forás tagtha ar líon na gceoltóirí cruite le 50 bliain anuas agus is iomaí duine a sheinneann ceol damhsa ar an gcruit anois.

Cén chuma atá ar an gCláirseach?

Uirlis mhór í an Chláirseach a bhfuil fráma adhmaid ann agus 34 sreang teanntaithe trasna air. Sa lá atá inniu ann, is iondúil gur snáithe caoláin, nílón nó carbón atá sna téada. Tá luamhán le gach téad ar chruiteanna na hÉireann a ligeann don cheoltóir airde an nóta ó gach téad a athrú.



CEACHT 3 An Chláirseach**Conas a sheinntear an Chláirseach**

Bíonn an chláirseach leagtha anuas ar an talamh idir na cosa ag an gceoltóir. Úsáideann an cláirseoir barr na méar chun na téada a tharraingt agus is é creathadh na téide in aghaidh an bhosca fuaimne a bhaineann fuaim as an uirlis. Tá luamhán ag barr na téide is féidir a bhogadh chun géarú leis an nóta. Is í an chiotóg a úsáidtear chun seinm ar na téada is faide ón gceoltóir. Is iad na nótaí ísle a bhaintear as na téada sin. Is iondúil nótaí nó cordaí á seinm leis an gciotóg mar thionlacan le nótaí an fhoinn a bhíonn á seinm leis an deasóg.

Díol Suime

- Is í an chláirseach siombail na tíre agus bíonn sí ar gach bonn airgid de chuid na hÉireann.
- Is í cruit ‘Bhrian Bórainhe’ ón 14ú haois an chruit is sine dá bhfuil ar fáil i gcónaí; tá sí i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath.
- I gContae na Mí a rugadh Toirdhealbhach Ó Cearalláin (1670 – 1738). D’fhág tinneas dall é ó bhí sé ocht mbliana déag agus thug sé faoin saol mar chruitire cuairte ó bhí sé bliain agus fiche. Tá cáil air mar gheall ar chuid mhór píosaí ceoil a chumadh, ina measc ‘Coinseartó Uí Chearalláin’.
- Tá an chruit in úsáid mar shiombail pholaitíochta in Éirinn leis na cianta. Tosaíodh ar an nós sin in aimsir Bhrian Bórainhe, a mbíodh de cháil air gurbh “Ard-Rí” é a sheinneadh an chruit.

CEACHT 3 An Chláirseach**SNÁTH** Éisteacht agus Freagairt**SNÁTHAONAD** Iniúchadh Fuaimneanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó**Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh**

- éagsúlacht idir airde nótaí a aithint.
- éisteacht le ceol agus cur síos a thabhairt ar an stíl (*ceol traidisiúnta, ceol cruite, ceol damhsa*).
- an buille rialta a léiriú nuair a bhítear ag éisteacht le ceol taifeadta.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí téide.

Acmhainní

AONAD 2 Uirlisí Téide / **CEACHT 3** An Chláirseach

BILEOG OIBRE 3 DON DALTA An Chláirseach**Coincheapanna**

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT D’AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimneanna arda agus fuaimneanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear an dara huair a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte éagsúla uirlisí a aithint (*uirlisí gaoithe*).

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimneanna aonair agus fuaimneanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

Éisteacht

Casann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfuil beirt cheoltóirí fliúite agus cruitire.

CEACHT 3 An Chláirseach

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

- AIRDE** An gcloiseann tú an t-athrú in airde an nóta (*go dtí nóta níos airde*) nuair a bhogtar an luamhán?
- BUILLE** An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an gcorphíopa?
- LUAS** An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Ceol damhsa atá anseo agus seinntear faoi luas bríomhar é. An bhfuil aon duine sa rang ag foghlaim le Damhsa Gaelach a dhéanamh? B'fhéidir go mbeadh cuid de na daltaí a dhamhsódh cornphíopa.
- TONDATH** An bhfuil tú in ann cur síos a thabhairt ar an bhfuaim a thagann ón uirlis téide seo? (*glan, soiléir, cosúil le clog, etc.*) An bhfuil tú in ann uirlisí téide eile a ainmniú?
- COMHDHÉANAMH** An dtugann tú faoi deara na codanna éagsúla. An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh dheas a choinneáil in airde i rith na coda tosaigh agus athrú go dtí an lámh chlé i rith an dara páirt agus mar sin de.
- UIGEACHT** An gcloiseann tú go bhfuil nótaí éagsúla á seinm leis an gciotóg agus leis an lámh dheas? Tá an fonn á sheinm leis an deasóg agus cordaí (*nótaí mar thionlacan leis an bhfonn*).
- MOTHÚ** Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach*).

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth faoi leith den bhliain i gcuimhne duit?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD ina bhfuil cruitire ag déanamh tionlacain le grúpa ceoltóirí.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe na cláirsí.
- Bíleog Oibre 3 don Dalta: **An Chláirseach**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Uirlisí téide adhmaid simplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 2 Uirlisí Téide

CEACHT 3 An Chláirseach

- **TARRAING PICTIÚR DE CHLÁIRSEOIR AG CEOL AR AN GCRUIT.**

Na céadta bliain ó shin b'oirfideach oilte gairmiúil a bhíodh sa chruitire a sheinneadh in áras an taoisigh, ceannasaí an cheantair sa seanchóras Gaelach. Chumadh an cruitire píosaí casta ceoil a sheinntí ag bainseacha nó ag sochraidí, mar cheiliúradh tar éis an ceann is fearr a fháil i gcath, nó mar thionlacan le dánta nuair a bhídís á n-aithris.



I gContae na Mí a rugadh **Toirdhealbhadh Ó Cearalláin** (1670 - 1738). D'fhág tinneas dall é ó bhí sé ocht mbliana déag agus thug sé faoin saol mar chruitire cuairte ó bhí sé bliain agus fiche. Tá cáil air mar gheall ar chuid mhór píosaí ceoil a chumadh, ina measc 'Coinseartó Uí Chearalláin'.



1. Cé mhéad téada a bhíonn leis an gcruit? _____
2. Seinntear téada na cuitire trína dtarraingt / trína scríobadh / trí bhogha a tharraingt trasna orthu? (cuir líne faoin bhfreagra ceart)
3. An raibh a fhios agat gurb í an chláirseach siombail náisiúnta na hÉireann? Ainmnigh roinnt áiteanna ina mbíonn an tsiombail sin le feiceáil. _____
4. Cad a bhíonn ag barr gach ceann de na téada? _____
Cén úsáid a bhaintear as sin? _____

CEACHT 4 An Fhidil

Beagán de stair na Fidile

Tugtar fidil, veidhlín agus veidhil ar an uirlis. Tá a fhios go raibh uirlis le téada a bhí cosúil leis an veidhlín ann chomh fada siar le 900 A.D. ar a laghad. I mBaile Átha Cliath a thángthas ar an sampla is sine d'uirlis cosúil leis an bhfidil in Éirinn agus bhain an ceann sin leis an aonú céad déag. San Iodáil a ceapadh cineál an lae inniu den uirlis agus sin sa séú haois déag. Ba é Antonio Stradivari, Iodáileach, a rinne na veidhlíní is mó cáil ar an domhan. Tá roinnt acu á seinm go dtí an lá atá inniu ann agus luach na milliún euro iontu. Is cóipeanna de veidhlíní Stradivarius cuid mhór de na veidhlíní a dhéantar anois.

Cén uair a tugadh an Fhidil go hÉirinn?

I rith an séú haois déag a tháinig tóir ar an veidhlín nua-aimseartha san Eoraip. D'éirigh sé coitianta mar uirlis do cheol na ndaoine in Albain agus síltear gur as Albain a tugadh go hÉirinn é mar gheall ar a fheabhas mar uirlis don cheol damhsa. Tá sé ar cheann de na huirlisí is mó a úsáidtear don cheol traidisiúnta in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Cén chuma atá ar an bhFidil?

Uirlis adhmaid atá san fhidil a mbíonn ceithre cinn de shreanga uirthi. Seinntear í trí na méara a leagan anuas ar na sreanga agus an bogha a tharraingt trasna orthu. Maide fada adhmaid atá sa bhogha agus fionnadh ceangailte leis. Úsáidtear roisín ionas go gcoinnítear fionnadh an bhogha go dlúth le chéile agus go mbaintear fuaim bhreá ghlán as na sreanga.

1. An Scrolla
2. Na Pionnaí
3. An Muineál
4. An Clár Méaraíochta
5. An Droichead Ceangail
6. An tEireaballán
7. Taca Smige
8. Tarr na hUirlise
9. An Easna
10. An Pláta Cúil
11. Na Sreanga – GDAE
4 sreang ar an veidhlín.

- A. Maide an Bhogha
- B. Fionnadh an Bhogha
- C. An Froga
- D. An Cró



CEACHT 4 An Fhidil

Conas a sheinntear an Fhidil

- Cuirtear an veidhlín faoi smig an cheoltóra agus baintear fuaim aisti tríd an mbogha a tharraingt trasna ar théad nó dhó. Is iondúil gur leis an lámh dheas a bheirtear ar an mbogha.
- Maide atá sa bhogha a bhfuil fionnadh sínte trasna air.
- Athraítear fad na téide, maidir leis an bhfad a mbeidh fuaim as, le méara na ciotóige tríd an téad a bhrú anuas faoin gclár méaraíochta in áiteanna éagsúla ionas go gcruthaítear nótaí ar airde éagsúil.

Díol Suime

- 'Viol' a tugadh ar an gcéad chineál den veidhlín.
- 'Violin' an focal foirmeálta i mBéarla ag lucht an cheoil chlasaiceigh agus tá 'fiddle' mar a bheadh leasainm ann. Úsáidtear 'veidhlín', 'veidhil' agus 'fidil' i nGaeilge.
- Fionnadh capaill a úsáidtear don bhogha go minic! Uaireanta is níolón a bhíonn ann.

CEACHT 4 An Fhidil**SNÁTH** *Éisteacht agus Freagairt***SNÁTHAONAD** *Iníúchadh Fuaimanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó***Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh**

- éagsúlacht idir airde nótaí a aithint agus a léiriú.
- éisteacht le ceol agus cur síos a thabhairt ar an stíl (*ceol traidisiúnta, ceol damhsa*).
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí téide.

Acmhainní/ **AONAD 2** Uirlisí Téide / **CEACHT 4** An Fhidil**BILEOG OIBRE 4 DON DALTA** An Fhidil**Coincheapanna**

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT D'AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimanna arda agus fuaimanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte áirithe uirlisí a aithint.

Éisteacht

Seinneann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfuil veidhleadóir agus ceoltóirí eile.

CEACHT 4 An Fhidil**Éisteacht agus Freagairt**

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

AIRDE An gcloiseann tú go mbíonn fuaim éagsúil ó gach ceann de na téada? Baintear nóta nua as an uirlis gach uair dá n-athraíonn an ceoltóir an áit a mbrúitear méar ar an gclár méaraíochta. An gcloiseann tú an t-athrú in airde an nóta (*go dtí nóta níos airde nó nóta níos ísle*) nuair a bhogtar na méara?

BUILLE An bhfuil tú in ann na méara a smeachadh nó do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an gceol?

TONDATH An bhfuil tú in ann cur síos a thabhairt ar an bhfuaim atá ón uirlis téide seo? (*glan, soiléir, etc.*) An bhfuil tú in ann uirlisí téide eile a ainmniú?

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na píosaí a thagann arís agus arís eile sa cheol? An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh dheas a choinneáil in airde i rith na coda tosaigh agus athrú go dtí an lámh chlé i rith an dara páirt agus mar sin de.

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach*).

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos a thabhairt ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth áirithe den bhliain i gcuimhne duit?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD ina bhfuil beirt fhidléirí in éineacht le ceoltóirí eile.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe an veidhlín.
- Bileog Oibre 4 don Dalta: **An Fhidil**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Uirlisí téide adhmaid simplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 2 Uirlisí Téide

CEAHT 4 An Fhidil

CUIR LIPÉAD AR AN LÉARÁID SAN ÁIT AR DÓIGH LEAT NA PÁIRTEANNA SEO A LEANAS A BHEITH

• An Ceann • An Muineál • An Tarr • An Taca Smige

TRÁTH NA GCEIST

- Cé mhéad téad a bhíonn ar an veidhlín? _____
- Seinntear an veidhlín trí - téada a tharraingt / bogha a tharraingt trasna ar na téada / séideadh isteach ann? (cuir líne faoin bhfreagra ceart)
- Cén obair a dhéantar le gach aon cheann de lámha an veidhleadóir?
 - Leis an deasóg: _____
 - Leis an gciotóg: _____
 - Ar chuala tú veidhlín á sheinm riamh?
 - Cén áit? _____
 - Cén cur síos a thabharfá ar an bhfuaim atá ón veidhlín? _____
 - Cad a bhíonn sa lámh dheas ag an gceoltóir agus an veidhlín á sheinm? _____
 - Cad as a dtagann roisín? _____

DÍOL SUIME

- Dhá ainm éagsúil ar an uirlis amháin 'veidhlín' agus 'fidil'. I mBéarla is ainm foirmeálta ag ceoltóirí clasaiceacha 'violin' agus is leasainm neamhfhoirmeálta agus 'fiddle' mar a thugann ceoltóirí traidisiúnta na hÉireann ar an uirlis. Úsáidtear 'veidhlín', 'veidheal' agus 'fidil' i nGaeilge.
- Ní bhíonn marcanna ar bith do na nótaí éagsúla ar an gclár méaraíochta. Bíonn ar an bhfidleír cluais ghéar a choinneáil go mbítear cinnte go bhfuil na méara á leagan san áit díreach ceart.
- Má sheinntear fidil trí na téada a tharraingt in áit an bogha a oibriú orthu, tugtar 'pizzicato' ar an modh seinnte sin. Is féidir an veidhlín a úsáid chun cordaí a sheinm chomh maith le fonn ceoil.
- Veidhleadóir an-cháiliúil de chuid na hÉireann a bhí in Michael Coleman. Chuaigh sé ar imirce go Meiriceá as Contae Shligigh agus rinneadh taifeadadh air thall tar éis na bliana 1920. Chuaigh na ceirníní sin i gcionn go mór ar cheoltóirí i Meiriceá agus in Éirinn.

AONAD 2 UIRLISÍ TÉIDE

NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

CEAHT 5 An Bainseo

Beagán de stair anBhainseo

Tháinig uirlis de chineál an bhainseo as an Afraic go Meiriceá sa 17ú haois. Faoi dheireadh an 18ú haois, bhí bainseo cosúil leis an gceann atá ar fáil inniu coitianta i seónna na minstrels. Meastar gur blianta beaga tar éis 1840 a tháinig an bainseo isteach i gceol na hÉireann tar éis do ghrúpa na Virginia Minstrels turas a thabhairt go Sasana, go hÉirinn agus don Fhrainc.

Cén uair a tugadh an Bainseo go hÉirinn?

Níor tugadh an bainseo go hÉirinn go dtí lár an fichiú haois.

Cén chuma atá ar an mBainseo?

Seo iad na príomhpháirteanna den Bhainseo:

1. Machine Heads
2. Nut
3. Frets
4. Neck
5. Strings
6. Drum Head Skin
7. Bridge
8. Tailpiece



9. An Figín

Déanamh triantáin a bhíonn ar an bhfigín agus is iondúil gur ábhar plaistigh a bhíonn ann.



CEACHT 5 An Bainseo**Conas a sheinntear an Bainseo?**

- Bíonn an chuid is mó den bhainseo leagtha anuas in ucht an cheoltóra agus na téada amach.
- Bíonn an chiotóg ag an gceann amuigh den mhúineál agus na méara thart ar an muineál ag bualadh faoi na téada.
- Tarraingítear suas agus anuas ar na téada leis an gceann cúng den fhigín.
- Brúitear anuas ar na téada le méara na ciotóige. Ní mór an téad céanna a tharraingt leis an bhfigín a mbrúitear méar anuas air agus braitheann an rogha ar an nóta is mian leis an gceoltóir a sheinm.

Díol Suime

- Tá an clár méaraíochta ar an mbainseo roinnte ina chodanna ar a dtugtar ‘stiallóga’.
- Is féidir an bainseo a úsáid chun cordaí a sheinm chomh maith lena úsáid chun an fonn a sheinm.
- Ba é Mike Flanagan, a chuaigh ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe as Port Láirge agus é deich mbliana d’aois sa bhliain 1908 an chéad cheoltóir bainseo as Éirinn a rinne ceirnín tráchtála.
- Tá ceol bainseo le cloisteáil sa cheol le ‘Mumford and Sons’.

CEACHT 5 An Bainseo**SNÁTH Éisteacht agus Freagairt****SNÁTHAONAD Iníúchadh Fuaimeanna/Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó****Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh**

- rangú agus cur síos a thabhairt ar fhuaimneanna éagsúla i réimse cúng ie; uirlisí téide.
- éisteacht le ceol agus cur síos a thabhairt ar an stíl (*ceol traidisiúnta, ceol damhsa*).
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí téide.

Acmhainní/ **AONAD 2** Uirlisí Téide / **CEACHT 5** An Bainseo**BILEOG OIBRE 5 DON DALTA** An Bainseo**Coincheapanna**

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT D’AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir fuaimeanna éagsúla agus uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí téide.

TUISCINT DON RÉ

- éisteacht le pátrúin d’fhuaimneanna agus de réimsí ciúnais fada agus gearr .

Éisteacht

Seinneann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ar a bhfuil ceoltóir bainseo in éineacht le ceoltóirí eile.

CEAHT 5 An Bainseo

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

AIRDE An gcloiseann tú go mbíonn nóta ar airde éagsúil ó gach ceann de na téada? Baintear nóta nua as an uirlis gach uair dá n-athraíonn an ceoltóir an áit a mbrúitear méar ar an gclár méaraíochta. An gcloiseann tú an t-athrú in airde an nóta (*go dtí nóta níos airde nó nóta níos ísle*) nuair a bhogann sé na méara?

BUILLE An bhfuil tú in ann na méara a smeachadh nó do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an gceol?

LUAS An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Ríl atá á sheinm anseo agus is cineál foinn é sin a úsáidtear le haghaidh damhsa.

TONDATH An bhfuil tú in ann cur síos a thabhairt ar an bhfuaim atá ón uirlis téide seo? (*glan, soiléir, etc.*) An bhfuil tú in ann uirlisí téide eile a ainmniú?

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na codanna éagsúla. An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh dheas a choinneáil in airde i rith na coda tosaigh agus athrú go dtí an lámh chlé i rith an dara páirt agus mar sin de. RÉ An gcloiseann tú gur nóta gearr go maith a sheinntear ar an mbainseo nuair a tharraingítear ar na téada?

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach*).

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth áirithe den bhliain i gcuimhne duit?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD ina bhfuil ceoltóir bainseo in éineacht le ceoltóirí eile.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe an bhainseo.
- Bileog Oibre 5 don Dalta: **An Bainseo**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALÁIN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Uirlisí téide adhmaid simplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 2 Uirlisí Téide

CEAHT 5 An Bainseo

CUIR LIPÉAD AR AN LÉARÁID SAN ÁIT AR DÓIGH LEAT NA PÁIRTEANNA SEO A LEANAS DEN BHAINSEO A BHEITH

• An Ceann • An Muineál • An Tarr • An tEireaballán

TRÁTH NA GCEIST

- Cé mhéad téad a bhíonn ar an mbainseo? _____
- Seinntear an bainseo trí - téada a tharraingt / bogha a tharraingt trasna ar na téada / séideadh isteach ann? (cuir líne faoin bhfreagra ceart)
- Cén obair a dhéantar ar an mbainseo le gach aon cheann de lámha an cheoltóra?
 - Leis an deasóg: _____
 - Leis an gciotóg: _____
 - Ar chuala tú bainseo á sheinm riamh?
 - Cén áit? _____
 - Cén cur síos a thabharfá ar an bhfuaim atá ón mbainseo? _____
 - Nuair a tharraingítear ar théad, an ndéantar fuaim fhada nó fuaim ghairid? _____
 - Cad a bhíonn sa lámh dheas ag an gceoltóir agus an bainseo á sheinm? _____

DÍOL SUIME

- Tá an clár méaraíochta ar an mbainseo roinnte ina chodanna ar a dtugtar 'stiallóga'.
- Is féidir an bainseo a úsáid chun cordaí a sheinm chomh maith lena úsáid chun an fonn a sheinm.
- Ba é Mike Flanagan, a chuaigh ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe as Port Láirge agus é deich mbliana d'aois sa bhliain 1908 an chéad cheoltóir bainseo as Éirinn a rinne ceirnín tráchtála.

CEACHT 6 Cairdín Cnaipí

Beagán de stair an Chairdín Cnaipí

Baineann na boscaí ceoil, an meileoidean, an consairtín agus an cairdín, le cineál uirlisí ar a dtugtar uirlisí feaga saorchreathaí. Ba san Eoraip, luath sa naoú haois déag, a tugadh an meileoidean chun cinn agus an cairdín tamall níos deireanaí. Tugadh na huirlisí isteach go hÉirinn de réir a chéile.

Cén uair a tugadh an Cairdín Cnaipí isteach go hÉirinn?

Tugadh an meileoidean aon sraith cnaipí isteach go hÉirinn i ndeireadh an naoú haois déag. Is gearr go raibh an-tóir ar an uirlis i dtithe faoin tuath, go háirithe mar uirlis ceoil don damhsa sna tithe.

Ag teannadh le deireadh fhicheadaí an fichiú haois a tháinig tóir ag ceoltóirí ar an gcairdín dhá shraith cnaipí agus in imeacht fiche bliain is beag nach raibh an meileoidean brúite amach ar fad aige. Dhá shraith cnaipí a bhíonn ar an gcairdín cnaipí is coitianta a sheinntear don cheol traidisiúnta in Éirinn agus tá réimse níos fairsinge nótaí ar fáil leis an dá shraith.

Cén chuma atá ar an gCairdín Cnaipí?


Uirlis ar dhéanamh bosca atá sa chairdín cnaipí. Tá boilg idir dhá cheann an bhosca a bhfuil clár cnaipí ar gach aon cheann acu. Seinneann an ceoltóir an fonn (*tiún*) leis na cnaipí ar thaobh na lámhe deise den chairdín. Nótaí an doird a sheinntear leis na cnaipí ar thaobh na lámhe clé (*cordaí is féidir a úsáid mar thionlacan leis an bhfonn*).



CEACHT 6 Cairdín Cnaipí

Tá uirlis níos sine ann, an meileoidean, atá ar aon chuma leis an gcairdín cnaipí ach amháin gur aon sraith amháin cnaipí atá ar thaobh na lámhe deise air.

Ar an gcairdín pianó, tá sraith méar cosúil le pianó síos le taobh na lámhe deise ar an uirlis.



Conas a sheinntear an Cairdín Cnaipí

Coinnítear an cairdín le strapa a théann thar ghualainn deas an cheoltóra agus le strapa ar an gceann chlé den uirlis. Nuair a bhrúitear cnaipe agus na boilg á n-oibriú, cuireann an brú aeir feag ag creathadh agus cloistear an nóta. Tá dhá nóta a bhaintear as gach cnaipe ag brath ar na boilg a bheith á ndúnadh nó á n-oscailt ag an am. Seinntear nótaí an fhoinn (*an tiún*) ar thaobh na lámhe deise den bhosca ceoil seo agus nótaí ísle an doird mar thionlacan leis an bhfonn ar thaobh na lámhe clé.

Díol Suime

- Is minic gur 'bosca ceoil' nó 'an bosca' a thugtar ar an gcairdín; agus 'box' nó 'squeezebox' i mBéarla!
- Tagann an focal cairdín (*agus 'accordion' an Bhéarla*) ón bhfocal Gearmáinise ar chorda, 'accord'.
- Ba é Friedrich Buschmann as Beirlín a thug an cairdín chun cinn agus ba é freisin ba chúis le cineál an Alsáisigh de na madraí a thabhairt chun cinn chomh maith!
- Is féidir seanchineálacha den chairdín a fheiceáil in iarsmalanna sa tSín. Síltear go bhféadfadh gurb iad muintir na Síne a cheap uirlis den chineál seo ar dtús.

CEACHT 6 Cairdín Cnaipí

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna/Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- éagsúlacht idir airde nótaí a aithint agus a léiriú.
- éisteacht le ceol de stíleanna agus de chineálacha éagsúla agus cur síos a thabhairt air.
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí feaga.

Acmhainní



AONAD 3 Uirlisí Feaga / CEACHT 6 Cairdín Cnaipí

BILEOG OIBRE 6 DON DALTA Cairdín Cnaipí

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT DON LUAS

- pátrúin tapa agus pátrúin mhalla sa rithim agus sa bhfonn a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

TUISCINT D'AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir fuaimeanna éagsúla agus uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna aonair agus fuaimeanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

TUISCINT DON STÍL

- éisteacht le ceol agus freagairt do réimse leathan stíleanna.

Éisteacht

Casann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfuil ceoltóir ar an gcairdín cnaipí le feiceáil in éineacht le ceoltóirí eile. D'fhéadfaí na leanaí a spreagadh chun cnagcheol na colainne a dhéanamh mar thionlacan leis an gceol (*méaraíocht, cíceáil, bualadh bos etc.*).

CEACHT 6 Cairdín Cnaipí

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfaidh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

AIRDE Ar chuala tú go dtagann nótaí éagsúla nuair a bhrúitear cnaipí éagsúla? Go deimhin, ar chairdín cnaipí den chineál seo, baintear dhá nóta faoi leith as gach cnaipe, ceann amháin agus na boilg á ndúnadh isteach agus ceann eile agus iad á n-oscailt amach. An gcloiseann tú an t-athrú in airde an nóta (*go dtí nóta níos airde nó nóta níos ísle*) nuair a bhogann sí na méara? Ar thug tú faoi deara go gcasann an ceoltóir an tiún (*an fonn*) leis an deasóg agus go gcastar nótaí eile mar thionlacan leis sin le ciotóg an cheoltóra?

BUILLE An bhfuil tú in ann na méara a smeachadh nó do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an bpolca?

UIGEACHT An gcloiseann tú nótaí an doird in úsáid mar thionlacan leis an bhfonn?

LUAS / STÍL An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Polca atá á sheinm anseo, cineál ceoil a sheinntear don damhsa. Tá an polca an-choitianta i gCiarraí, i gCorcaigh agus i Luimneach. An bhfuil tú in ann na contaetha sin a aimsiú ar an mapa?

TONDATH An bhfuil tú in ann cur síos ar an bhfuaim a thagann ón uirlis seo? (*ard, tréan, bríomhar, láidir etc.*) An bhfuil tú in ann aon uirlis eile cosúil leis an gceann seo a ainmniú?

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na píosaí a thagann arís agus arís eile sa cheol? An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh a bhualadh ar do ghlúin dheas i rith na coda tosaigh agus ar do ghlúin chlé i rith an dara páirt agus mar sin de.

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach, lán ceiliúradh*).

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth áirithe den bhliain i gcuimhne duit?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD den mheileoidean, cineál níos sine den chairdín aon sraith amháin cnaipí.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe an chairdín cnaipí.
- Bileog Oibre 6 don Dalta: **An Cairdín Cnaipí**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Feag shimplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 3 Uirlisí Feaga

CEAHT 6 An Cairdín Cnaipí - A

DÉAN MEAITSEÁIL IDIR AN CUR SÍOS AGUS AN UIRLIS CHUÍ

A

Tugadh an meileoidean aon sraith cnaipí isteach go hÉirinn i ndeireadh an naoú haois déag. Is garr go raibh an-tóir ar an uirlis i dtithe faoin tuath, go háirithe mar uirlis ceoil don damhsa sna tithe. Tá an uirlis is sine, an meileoidean, ar aon chuma leis an gcairdín cnaipí ach amháin gur aon sraith amháin cnaipí atá le taobh na lámhe deise air.



B

Ar an gcairdín pianó, tá sraith méar cosúil le pianó síos le taobh na lámhe deise ar an uirlis. Ar thaobh na lámhe clé atá cnaipí do nótaí tionlacain an doird.



C

Ag teannadh le deireadh fhicheadaí an fichiú haois a tháinig tóir ag ceoltóirí na hÉireann ar an gcairdín dhá shraith cnaipí agus in imeacht fiche bliain is beag nach raibh an meileoidean brúite amach ar fad aige. Dhá shraith cnaipí a bhíonn ar an gcairdín cnaipí is coitianta a sheinntear don cheol traidisiúnta in Éirinn agus tá réimse níos fairsinge nótaí ar fáil dá bharr sin. Uirlis ar dhéanamh bosca atá sa chairdín cnaipí. Tá boilg idir dhá cheann an bhosca a bhfuil clár cnaipí ar gach aon cheann acu. Seinneann an ceoltóir an fonn (tiún) leis na cnaipí ar thaobh na lámhe deise den chairdín. Tá na cnaipí ar thaobh na lámhe clé a úsáidtear chun nótaí an doird a sheinm (cordaí is féidir a úsáid mar thionlacan leis an bhfonn).



Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 3 Uirlisí Feaga

CEAHT 6 An Cairdín Cnaipí - B

1. Cé mhéad cnaipe atá ar thaobh an doird (taobh na lámhe clé) ar an gcairdín cnaipí? _____
2. Baintear fuaim as nuair dhúntar nó nuair a osclaítear na b __ lg.
3. Cineál ceoil an-choitianta é an polca i gCiarraí, i gCorcaigh agus i Luimneach. Cén cúige a bhfuil na contaetha sin ann? _____ (bain úsáid as an atlas mar chúnaimh duit)

TARRAING COMHARTHAÍ Ó NA LIPÉID GO DTÍ NA CODANNA CEARTA DEN CHAIRDÍN CNAIPÍ.

Na Cnaipí a úsáidtear chun an fonn a sheinm

Na Boilg



Strapa Guailleáin

Nótaí an Doird

CEACHT 7 An Consairtín

Beagán de stair an Chonsairtín

Uirlis cheoil le feaga saorchreathacha atá i gceist leis an gconsairtín, rud a fhágann gur den chineál céanna é leis an meileoidean agus leis an gcairdín. Brúitear aer amach trí fheaga miotail istigh san uirlis trí oibriú na mbolg, agus nuair a chreathann na feaga, tagann an fhuaim astu. I Sasana agus sa Ghearmáin, neamhspleách ar a chéile is dócha, a tugadh an consairtín chun cinn. Fuair Sir Charles Wheatstone dindiúirí paitinne don leagan Sasanach i Londain sa bhliain 1829.

Cén uair a tugadh an Consairtín isteach go hÉirinn?

Bhí an consairtín in Éirinn taobh istigh de bhlianta beaga dá cheapadh sa bhliain 1829. Bhí an uirlis á sheinm ar fud na tíre ach bhí tóir speisialta ar an uirlis i gContae an Chláir riamh anall.

Cén chuma atá ar an gConsairtín?

Tá pláta adhmaid nó pláta miotail i gcruth heicseagáin ar dhá cheann na mbolg ar an gconsairtín. Is iondúil 30 cnaipe nó níos mó ar an dá thaobh.



Conas a sheinntear an Consairtín?

Seinntear an consairtín trí na lámha a chur trí strapaí leathair, na hordóga a fhágáil taobh amuigh agus na bosa a ligean anuas ar bharraí adhmaid. Fágann sin gur féidir ceithre mhéar ar gach aon lámh a úsáid chun na cnaipí a bhrú agus comhla aeir a oibriú leis na hordóga. Ar a mbrú, téann na cnaipí sa treo céanna leis na boilg. Tá dhá nóta a bhaintear as gach cnaipe ag brath ar na boilg a bheith á ndúnadh nó á n-oscailt ag an am. Seinntear nótaí an fhoinn ar dhá cheann an bhosca. Nótaí ísle is mó atá ar thaobh na láimhe clé agus nótaí arda is mó atá ar thaobh na láimhe deise.

Díol Suime

- Bhíodh an consairtín coitianta mar uirlis ag na mná an tráth nach mbíodh mórán píobairí mná ná veidhleadóirí mná ar fáil.
- Deirtear faoi Chontae an Chláir i dtús an fichiú haois go mbíodh consairtín i mbeagnach gach teach, agus gur iondúil gur sa chluíd a choinnítear é!

CEACHT 7 An Consairtín

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna/Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- rangú agus cur síos a thabhairt ar fhuaimneanna éagsúla i réimse cúng ie; uirlisí feaga.
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- an buille tréan agus an buille lag a aithint agus iad a léiriú le geáitsíocht.
- éagsúlacht idir airde nótaí a aithint agus a léiriú.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí feaga.

Acmhainní

 / AONAD 3 Uirlisí Feaga / CEACHT 7 An Consairtín

BILEOG OIBRE 7 DON DALTA An Consairtín

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).
- buillí tréana agus buillí laga a thabhairt faoi deara agus a aithint.

TUISCINT D'AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte éagsúla uirlisí a aithint (*uirlisí feaga*).

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna aonair agus fuaimeanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

Éisteacht

Casann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfuil ceoltóir ar an gconsairtín le feiceáil in éineacht le ceoltóirí eile. D'fhéadfaí na leanaí a spreagadh chun cnagcheol na colainne a dhéanamh mar thionlacan leis an gceol (*méaraíocht, clíceáil, greadadh, bualadh bos etc.*).

CEAHT 7 An Consairtín

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

AIRDE Ar an gconsairtín, baintear dhá nóta as gach cnaipe, ceann agus na boilg á ndúnadh, ceann eile agus na boilg á n-oscailt. An gcloiseann tú an t-athrú in airde an nóta (*go dtí nóta níos airde nó nóta níos ísle*) nuair a bhogann sí na méara? Ar thug tú faoi deara go seinntear an tiún (*an fonn*) leis na cnaipí ar dhá cheann an bhosca?

BUILLE An bhfuil tú in ann na méara a smeachadh nó do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an gcornphíopa? An gcloiseann tú an buille tréan agus an buille lag i ngach barra? Bain triail as do chos a bhualadh leis an mbuille tréan agus na bosa a bhualadh faoi chéile leis an mbuille lag.

LUAS An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Cornphíopa atá á sheinm anseo agus, mar a chéile leis na polcaí agus na ríleanna a chuala tú cheana, is cineál ceoil é seo a úsáidtear le haghaidh damhsa.

TONDATH An bhfuil tú in ann cur síos ar an bhfuaim ón uirlis gaoithe seo? (*millis, glan, binn, deas...*) An bhfuil tú in ann uirlisí gaoithe eile a ainmniú?

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na codanna éagsúla. An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí na méara a smeachadh i rith na coda tosaigh agus ar na bosa a bhualadh faoi chéile i rith an dara páirt agus mar sin de.

UIGEACHT Má éisteann tú go cúramach, cloisfidh tú cordaí. Sin nuair a sheinntear dhá nóta éagsúil le chéile.

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*briomhar, gliondarach, lán de phreabadh*).

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth áirithe den bhliain i gcuimhne duit?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Fístaifeadh gairid ina bhfuil ceoltóir ar an gconsairtín le feiceáil in éineacht le ceoltóirí eile.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe an chonsairtín.
- Bileog Oibre 7 don Dalta: **An Consairtín**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoidéachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Feag shimplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 3 Uirlisí Feaga

CEAHT 7 An Consairtín

1. Cén cruth atá ar dhá cheann an chonsairtín? heicseagánach / ochtagánach / cearnógach
(cuir líne faoin bhfreagra ceart)
2. Baintear fuaim as an gconsairtín nuair a dhúntar nó nuair a osclaítear na b __ lg.
3. Cén uirlis eile a chuireann an consairtín i gcuimhne duit? _____
4. Fear den ainm Charles _____
(Wheatrock / Wheatstone / Barleystone) a cheap an chéad consairtín.
5. Baintear - dhá / trí / ceithre - nóta as gach cnaipe ar an gconsairtín ag brath ar na boilg a bheith á ndúnadh nó á n-oscailt ag an am. (cuir líne faoin bhfreagra ceart)
6. Seinntear ceol na ndaoine i gcuid mhaith tíortha ar fud an domhain ar an gconsairtín. In Éirinn, bhí tóir mhór riamh anall ar an gconsairtín i gContae an Chláir. An bhfuil tú in ann an contae sin a aimsiú ar an mapa?

Cén cúige a bhfuil Contae an Chláir ann? _____. Ainmnigh trí cinn de bhailte móra sa chontae sin.

TARRAING COMHARHAÍ Ó NA LIPÉID GO DTÍ NA CODANNA CEARTA DEN CHONSAIRTÍN.



CEACHT 8 An Cairdín Pianó

Beagán de stair an Chairdín Pianó

Baineann an meileoidean, an consairtín agus an cairdín le haon chineál amháin uirlisí, uirlisí le feaga saorchreathacha. Tugadh an cairdín pianó chun cinn san Eoraip i lár an naoú haois déag agus tháinig sé go hÉirinn de réir a chéile.

Cén chuma atá ar an gCairdín Pianó?

Uirlis i gcruth bosca atá sa chairdín pianó a bhfuil boilg idir dhá cheann an bhosca. Tá méarchlár faoi leith ar dhá cheann an bhosca. Seinneann an ceoltóir an fonn (*tiún*) ar chlár le méara cosúil leo siúd a bhíonn ar an bpianó ar thaobh na lámhe deise den chairdín. Suas síos taobh an bhosca atá na méara sin, a mbun isteach leis na boilg. Cnaipí atá ar thaobh na lámhe clé agus orthu sin a sheinntear nótaí an doird (*cordaí is féidir a úsáid mar thionlacan leis an bhfonn*).



Conas a sheinntear an Cairdín Pianó?

Bíonn strapaí siar thar ghuailí an cheoltóra ag coinneáil an chairdín pianó agus strapa lámhe freisin ar an lámh chlé. Trí na boilg a oibriú agus méar a bhrú, baineann brú aeir creathadh as feag agus fuaimnítear nóta. Seinntear an fonn (*an tiún*) ar thaobh na lámhe deise agus nótaí an doird, mar thionlacan leis an bhfonn, ar thaobh na lámhe clé. Ní ionann agus an cairdín cnaipí ná an consairtín, is cuma ar á mbrú isteach nó á dtarraingt amach atá na boilg, is é an nóta amháin a fhuaimnítear le gach méar nó cnaipe.

Díol Suime

- Conas a aimsíonn ceoltóir na nótaí doird chearta? Tá logán isteach nó gobáin amach ar chuid de na cnaipí ar thaobh na lámhe clé. Airíonn an ceoltóir iad sin le barr na méar agus is féidir nótaí eile a aimsiú ansin i gcomparáid leis an áit a bhfuil na cnaipí sin.
- Bíonn dhá strapa guailleáin ar an gcairdín pianó ós troime ná an cairdín cnaipí é le breith air.
- Tá Cairdín Pianó in úsáid leis an amhrán popcheoil 'Stereo Love' le Edward Maya as an Rómáin. Bhí sé ag uimhir a haon i gcairteanna na hÉireann i mí Meitheamh 2010.

CEACHT 8 An Cairdín Pianó


SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna/Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- rangú agus cur síos a thabhairt ar fhuaimneanna éagsúla i réimse cúng (*uirlisí feaga, traditional Irish Instruments*).
- éagsúlacht idir airde nótaí a aithint agus a léiriú.
- éisteacht le ceol de stíleanna agus de chineálacha éagsúla agus cur síos a thabhairt air.
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí feaga.

Acmhainní

 / AONAD 3 Uirlisí Feaga / CEACHT 8 An Cairdín Pianó

BILEOG OIBRE 8 DON DALTA An Cairdín Pianó

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT D'AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu agus idir nótaí éagsúla.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte éagsúla uirlisí a aithint (*uirlisí gaoithe*).

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna aonair agus fuaimeanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

Éisteacht

Casann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfuil ceoltóir ar an gcairdín pianó le feiceáil in éineacht le ceoltóirí eile. D'fhéadfaí na leanaí a spreagadh chun cnagcheol na colainne a dhéanamh mar thionlacan leis an gceol (*méaraíocht, cliceáil, greadadh, bualadh bos etc.*).

CEACHT 8 An Cairdín Pianó

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

- AIRDE** An gcloiseann tú an t-athrú in airde an nóta (*go dtí nóta níos airde nó nóta níos ísle*) nuair a bhogann an ceoltóir na méara? Ar thug tú faoi deara go seinneann an ceoltóir an tiún (*an fonn*) lena lámh dheas agus go seinntear nótaí eile mar thionlacan leis sin le ciotóg an cheoltóra?
- BUILLE** An bhfuil tú in ann na méara a smeachadh nó do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an gceol?
- TONDATH** An bhfuil tú in ann cur síos ar an bhfuaim a thagann ón uirlis seo? (*ard, tréan, bríomhar, láidir etc.*) An bhfuil tú in ann aon uirlis eile cosúil leis an gceann seo a ainmniú
- COMHDHÉANAMH** An dtugann tú faoi deara na píosaí a thagann arís agus arís eile sa cheol? An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh a bhualadh ar do ghlúin dheas i rith na coda tosaigh agus ar do ghlúin chlé i rith an dara páirt.
- UIGEACHT** Ar thug tú faoi deara go seinneann an ceoltóir an tiún (*an fonn*) lena lámh dheas agus go seinntear nótaí eile mar thionlacan leis sin le ciotóg an cheoltóra?
- MOTHÚ** Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach, lán de cheiliúradh*).

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth áirithe den bhliain i gcuimhne duit?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD ina bhfuil ceoltóir ar an gcairdín pianó in éineacht le veidhleadóir.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe an chairdín pianó.
- Bileog Oibre 8 don Dalta: **An Cairdín Pianó**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Feag shimplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 3 Uirlisí Feaga

CEACHT 8 An Cairdín Pianó

TARRAING COMHARTHAÍ Ó NA LIPÉID GO DTÍ
NA CODANNA CEARTA DEN CHAIRDÍN PIANÓ.

Méarchlár

Na Boilg



Strapa Guailleáin

Nótaí an Doird

ROGHNAIGH AN FOCAL CUÍ - TIONLACAN / FONN

- Seinneann an ceoltóir an _____ ar an méarchlár atá ar thaobh na láimhe deise den chairdín pianó.
- Ar thaobh na láimhe clé, tá cnaipí do nótaí an doird lena seinntear an _____.

LÍON ISTEACH NA BEARNAÍ

- Baintear fuaim as an uirlis nuair a dhúntar nó nuair a osclaítear na _____.
- Cén uirlis eile a chuireann an cairdín pianó i gcuimhne duit? _____.

CEACHT 9 An Phíb Uilleann


Beagán de stair na Píbe Uilleann

Tá an léiriú is sine de cheol ar phíb in Éirinn le feiceáil ar na Croiseanna Arda. Téann an Phíb Uilleann mar atá againn sa lá atá inniu ann siar go dtí an 18ú haois. ‘Uilleann Pipes’ is coitianta a thabhairt orthu i mBéarla anois, agus sin ón bhfocal Gaeilge ‘uillinn’. Ní hionann agus píob mhór na hAlban, ní shéidtear aer as an mbéal sa phíb uilleann. Is ó na boilg a oibríú leis an uillinn a sheoltar aer go dtí codanna éagsúla na píbe.

Bhíodh an phíobaireacht an-choitianta in Éirinn roimh aimsir an drochshaoil ach thosaigh an meileoidean agus an consairtín ag teacht chun cinn in áit na píbe ina dhiaidh sin nuair a bhíodh ceol ag teastáil don damhsa. Ag teannadh le deireadh an 19ú haois, bhí an chosúlacht ar an scéal nach raibh i ndán go mairfeadh an phíb uilleann go dtí gur gcuireadh an t-athbheochan náisiúnta, arb é Conradh na Gaeilge a chuir tús leis, ar siúl sa bhliain 1893 agus gur tosaíodh arís ar chultúr na hÉireann a chur chun tosaigh. Cuireadh clubanna píobairí ar bun agus d'éirigh an uirlis níos coitianta arís.

Cén chuma atá ar an bPíb Uilleann?

An phíb lánfheistithe sa lá atá inniu ann, bíonn mála, boilg agus seamsúr, dosanna agus rialtáin i gceist léi.



CEACHT 9 An Phíb Uilleann

Conas a oibríonn an Phíb Uilleann?

As an mála, ar iondúil gur mála leathair é, a sheoltar sruth leanúnach aeir san uirlis. Ceangailte leis an mála tá feadán séidte trína dtarraingítear an t-aer, an seamsúr (*an phib ar a seinntear an fonn*) agus an stoc a gceanglaítear na dosanna agus na rialtáin leis.

Is le boilg a sheoltar aer go dtí an mála seachas a shéideadh isteach trí fheadán ón mbéal.

Is é an seamsúr an chuid den uirlis ar a seinntear an fonn. Uirlis gaoithe adhmaid atá ann, gar go maith ó thaobh leagan amach agus fuaime de leis an óbó. Deich gcinn de phoill atá ar an seamsúr do na nótaí agus oibríonn na méara air ar bhealach atá cosúil go maith leis an bhfeadóg agus leis an bhfliúit. Tá oscailt in íochtar an tseamsúir ar an bpíob uilleann ach is féidir sin a dhúnadh nuair a leagann an píobaire an seamsúr anuas ar an nglúin.

Trí cinn de pháibá iad na dosanna trínar féidir nótaí leanúnacha tionlacain a chur ar fáil do cheol an tseamsúir. Is féidir iad a mhúchadh ar fad agus iad a chur ar siúl arís de réir mar is mian leis an gceoltóir. Bíonn na dosanna socraithe sa stoc atá ceangailte leis an mála agus leagtar trasna chosa an cheoltóra iad.

Trí cinn de rialtáin a bhíonn ann, iad socraithe sa stoc céanna leis na dosanna agus iad leagtha trasna chosa an phíobaire os cionn na ndosanna. Is féidir cordaí a sheinm trí na méara ar na rialtáin a bhrú. Cuireann sin tionlacan rithime nó tionlacan armóine leis an bhfonn atá á sheinm ar an seamsúr.

Díol Suime

- ‘Ceap plabtha’ nó ‘strapa plabtha’ a thugtar ar an bpíosa leathair a bhíonn leagtha ar ghluín an phíobaire.
- Is í an phíb uilleann leagan na hÉireann den phíb mála, cineál uirlise atá le fáil ar fud na hEorpa chomh maith le réimsí den Áise agus den Afraic. Is í an cineál is saothraithe ar fad de na píobá í ós féidir dhá ochtach iomlána a sheinm ar an seamsúr agus tá gnéithe eile ag baint léi chomh maith nach mbaineann le haon chineál eile de na píobá mála.

CEACHT 9 An Phíb Uilleann

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna/Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- éisteacht le ceol de stíleanna agus de chineálacha éagsúla agus cur síos a thabhairt air, chomh maith le tuiscint den fheidhm agus den chomhthéacs staire nuair is cuí sin (*An Phíb Uilleann mar uirlis shainiúil de chuid na hÉireann*).
- idirdhealú a dhéanamh idir buille rialta agus ceol nach bhfuil buille tréan leis (*fonn mall*).
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.
- idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna de réir éagsúlacht ó thaobh a ré (*fada nó gearr*).
- finte éagsúla uirlisí a aithint (*uirlisí traidisiúnta na hÉireann*).
- éisteacht le ceol agus cur síos a thabhairt ar an stíl (*traidisiúnta, fonn mall a sheinm*).

Acmhainní



/ AONAD 4 An Phíb Uilleann / CEACHT 9 An Phíb Uilleann

BILEOG OIBRE 9 DON DALTA An Phíb Uilleann

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- an difríocht idir ceol a bhfuil cuisle nó buille rialta leis agus ceol nach bhfuil buille tréan leis a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

TUISCINT DON RÉ

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON LUAS

- éisteacht le pátrúin d'fhuaimneanna agus de réimsí ciúnais fada agus gearr.

TUISCINT D'AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimeanna arda agus fuaimeanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu, agus idir fuaimeanna éagsúla.

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir fuaimeanna éagsúla agus uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte áirithe uirlisí a aithint.

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna aonair agus fuaimeanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

CEACHT 9 An Phíb Uilleann

Éisteacht

Casann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfeictear beirt cheoltóirí ar an bpíob agus ar an veidhlín.

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. Cuirtear síos ar pháirteanna éagsúla na huirlise (*na boilg, na dosanna, an mála, an seamsúr, an strapa plabtha*). Níl sa Phíb Uilleann seo ach uirlis leathghléasta- níl rialtáin uirthi fós mar atá ar an uirlis a sheinntear don cheol beirte ar an bpíob agus ar an veidhlín. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos óna daltaí.

AIRDE Ar chuala tú na dosanna ag tús an cheoil? Fanann airde na ndosanna mar a chéile síos tríd an gceol. De réir mar a bhogann an píobaire na méara ar an seamsúr, baintear nótaí éagsúla as.

UIGEACHT Éist leis na dosanna agus an tionlacan a chuirtear leis an bhfonn nó leis an tiún leo.

BUILLE An bhfuil tú in ann na méara a smeachadh nó do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an bpíosa ceoil seo? Níl. Sin mar gur fonn mall atá á sheinm agus nach bhfuil buille rialta leis mar a bhíonn leis an gceol damhsa a chuala tú go dtí seo.

LUAS An ceol mall nó ceol tapa atá anseo?Seinntear an fonn mall go mall réidh.

RÉ Tugtar faoi deara an chodarsnacht i gceol an fhoinn idir nótaí fada agus sraitheann de nótaí gearra.

TONDATH An bhfuil tú in ann cur síos a thabhairt ar an bhfuaim a bhaintear as an uirlis seo? (*sainiúil, réimsí éagsúla, dosanna mar a bheadh crónán na mbeach, etc.*) An bhfuil tú in ann uirlisí eile atá cosúil leis an gcineál seo a ainmniú? (*An Phíb Mhór (píob na hAlban)*).

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*brónach, uaigneach, tréan?*).

Cur in Iúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth áirithe den bhliain i gcuimhne duit?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?
- An gceapann tú go mbeadh sé furasta nó deacair an uirlis seo a sheinm?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gearr ar an DVD ina bhfuil píobaire in éineacht le ceoltóirí eile.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe na Píobe Uilleann.
- Bileog Oibre 9 don Dalta: **An Phíb Uilleann**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Feag shimplí a dhearadh agus a dhéanamh agus séideadh isteach inti.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 4 An Phíb Uilleann

CEACHT 9 An Phíb Uilleann

1. Déantar na boilg a oibriú leis an - riosta / uillinn / nglún. (cuir líne faoin bhfreagra ceart)
2. Cén bunús is dóigh leat atá leis an ainm 'An Phíb Uilleann'? _____
3. An bhfuil tú in ann uirlis eile a ainmniú a mbíonn boilg in úsáid inti?

4. Ní bhíonn buille rialta le fonn mall mar a bhíonn le ceol damhsa. 'Táimse im' Chodladh' an t-ainm atá ar an bhfonn seo. Bíonn an ceol céanna leis an amhrán sin nuair a deirtear é.
Cén chaoi a n-airíonn tú nuair a chloiseann tú é? _____
5. Leagann an píobaire strapa - plabtha / píobaireachta / postála - ar a ghlúin faoin seamsúr. (cuir líne faoin bhfreagra ceart)
6. Bíonn tionlacan leis an bhfonn a sheinntear ar an seamsúr ar fáil ó na d ___ s ___ n ___.

TARRAING COMHARTHAÍ Ó NA LIPÉID GO DTÍ NA CODANNA CEARTA DEN PHÍB UILLEANN.

Na Boilg
seolann aer isteach sa mála

An Seamsúr
air seo a sheinntear an fonn

An Strapa Plabtha
leagtar ar ghlúin an píobaire é

An Stoc

Na Dosanna & Na Rialtáin
tionlacan leis an bhfonn

An Mála
aer sa seamsúr

An Feadán Séidte



AONAD 5 AN BODHRÁN

NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

CEACHT 10 An Bodhrán

Beagán de stair an Bhodhráin

Seandruma ón ré ársa in Éirinn atá sa bhodhrán a d'úsáidí fadó le linn catha agus ceiliúrtha. Go dtí le tamall beag anuas bhíodh sé in úsáid ag cleamairí agus ag lucht an dreoilín le linn féilte áitiúla. I rith na seascaidí, tarraingíodh níos mó airde air nuair a d'úsáid Seán Ó Riada é sa chóiriú a chuir sé ar an gceol traidisiúnta do Cheoltóirí Chualann.

Cén chuma atá ar an mBodhrán?

Druma fráma atá sa bhodhrán. Fráma adhmaid le seithe gabhair trasna air an déanamh traidisiúnta air agus is trína bhualadh le píosa adhmaid ar a dtugtar cipín, tipper nó beater a sheinntear é. Ní bhíonn ach taobh amháin den fhráma clúdaithe, rud a ligeann don bhodhránaí lámh a bhogadh in aghaidh bharr an drumá taobh istigh agus athrú a chur ar airde na fuaime agus ar an tondath.



Conas a sheinntear an Bodhrán?

Beirtear ar an mbodhrán leis an gciotóg. Bíonn sé leagtha ar a thaobh anuas ar an gcos chlé. Bíonn an chiotóg ag brú amach in aghaidh na seithe ón taobh istigh den drumá. Beirtear ar an gcipín sa deasóg ar an gcuma chéanna le peann. Buailtear an bodhrán le ceann amháin den chipín, an ceann ag a mbeadh barr an phinn. Tá stíl níos sine ann lena mbaineann an bodhrán a bhualadh leis an lámh seachas leis an gcipín.

Díol Suime

- Tá roinnt de bhodhráin an lae inniu feistithe le córas scríonna lena féidir tiúnáil a thabhairt ar an drumá.
- Tá bodhránaí cáiliúil, Johnny 'Ringo' McDonagh, ar mar gheall ar Ringo Starr, an drumadóir le The Beatles a tugadh an leasainm air.
- I measc na gcnaguirilísí eile a úsáidtear leis an gceol traidisiúnta tá na spúnóga agus na cnámha.

CEACHT 10 An Bodhrán

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimanna/Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- rangú agus cur síos a thabhairt ar fhuaimanna éagsúla i réimse cúng (*cnaguirilísí*).
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- éagsúlacht idir airde nótaí a aithint agus a léiriú.
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.
- finte éagsúla uirlisí a aithint - uirlisí traidisiúnta na hÉireann, uirlisí cnagcheoil.

Acmhainní



/ AONAD 5 An Bodhrán / CEACHT 10 An Bodhrán

BILEOG OIBRE 10 DON DALTA An Bodhrán

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT D’AIRDE NÓTAÍ

- an difríocht idir fuaimanna arda agus fuaimanna ísle a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON TONDATH

- finte éagsúla uirlisí a aithint (*uirlisí cnagcheoil*).

TUISCINT DON LUAS

- an difríocht idir pátrún rithime tapa agus mall a thuiscint agus idirdhealú eatarthu.

Éisteacht

Casann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfuil ceoltóirí ar an mbodhrán agus ar an bhfeadóg. D’fhéadfaí na leanaí a spreagadh chun cnagcheol na colainne a dhéanamh mar thionlacan leis an gceol (*méaraíocht, cliceáil, bualadh bos etc.*).

CEACHT 10 An Bodhrán

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D’fhéadadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an ríl seo?

AIRDE An gcloiseann tú an bodhránaí ag bogadh na láimhe in aghaidh sheithe an drumma taobh istigh chun airde agus tondath na fuaime a athrú?

LUAS An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Tá an ríl seo á sheinm faoi luas bríomhar.

TONDATH An bhfuil tú in ann cur síos a thabhairt ar an bhfuaim a thagann ón mbodhrán? (*bodhar, tiompach, pleancach, tréan*) An bhfuil tú in ann aon uirlis cnagcheoil eile a ainmniú?

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na píosaí a thagann arís agus arís eile sa cheol? An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh dheas a choinneáil in airde i rith na coda tosaigh agus athrú go dtí an lámh chlé i rith an dara páirt agus mar sin de.

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach, spleodrach*).

Cur in Iúl

B’fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- An bhfuil uirlisí eile a bhfuil fuaim mar a chéile uathu?
- An bhfuil tú in ann cnagcheol na colainne a úsáid mar aithris ar an mbodhrán?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD ina bhfuil an bodhrán agus cairdín cnaipí á seinm.
- Plé ghairid mar achoimre ar shaintréithe an bhodhráin.
- Bileog Oibre 10 don Dalta: **An Bodhrán**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.
- **EOLAÍOCHT** - Cnaguirilísí simplí a dhearadh agus a dhéanamh.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann


AONAD 5 An Bodhrán

CEAHT 10 An Bodhrán



- Úsáidtear seithe ainmhí don bhodhrán.
Cé acu ainmhí? _____
- Cad a bhíonn in úsáid ag bualadh an bhodhráin? _____
- Is cineál amháin an bodhrán de na huirlisí gaoithe / drumáí / uirlisí feaga.
(cuir líne faoin bhfreagra ceart).
- Conas a athraíonn an bodhránaí airde agus ton na fuaime ón uirlis?

MAISIGH BODHRÁN DE DO CHUID FÉINI!



CEAHT 11 Ceol Beirte / Ceol Triúir / An Grúpa Ceoil

Seinm an Ensemble i gCeol Traidisiúnta na hÉireann.

San am a caitheadh, ba mhínic gur máistir aonair a sheinneadh ceol na hÉireann, an píobaire, an veidhleadóir nó an cruitire. Ó lár an 20ú haois, tá seinm i ngrúpaí de chineálacha éagsúla tagtha chun cinn go mór agus tá tábhacht anois le gné shóisialta an cheoil. I measc na gcásanna ina mbíonn ceol traidisiúnta á sheinm ag grúpaí, tá an seisiún neamhfhoirmeálta, an banna céilí agus cineálacha eile grúpaí agus bannaí.

An Seisiún

Seisiún a thugtar ar theacht le chéile neamhfhoirmeálta ag ceoltóirí. Ar mhaithe le pléisiúr a thagann na ceoltóirí le chéile ag seinm foinn cheoil i ndiaidh a chéile. D'fhéadfadh sin tarlú sa cheantar ina gcónaíonn siad nó ag féile ceoil cosúil le Fleadh Cheoil. Cé gur ócáid shóisialta atá sa seisiún, tá nósmaireacht agus béasa a bhaineann leis. Uaireanta bíonn stiúir ar an seisiún ag na ceoltóirí is sinsearaí sa ghrúpa, ag roghnú na bpíosaí ceoil a sheinntear agus an luas a bhíonn faoina seinm. Is minic i seisiún go mbíonn na ceoltóirí ar fad ag cur le rogha na bhfónn. Is iondúil gur ceol damhsa a bhíonn sa seisiún ach is minic freisin a bhíonn amhrán nó damhsa aonair ann chomh maith le neart cainte idir na poirt.

Ceol Beirte agus Ceol Triúir

Tá ainm teicniúil eile, dísréad, ar cheol a sheinneann beirt ceoltóirí. Tríréada thugtar ar an gceol a bhíonn ag triúr ag seinm le chéile. I measc na n-uirlisí a chuirtear le chéile go minic don cheol beirte, tá veidhlín agus feadóg mhór, veidhlín agus píob uilleann nó veidhlín agus cairdín cnaipí, ach tá péirí eile uirlisí éagsúla a théann go breá le chéile chomh maith. Bíonn na ceoltóirí a sheinneann ceol beirte nó ceol triúir in éineacht ag éisteacht go grinn géar lena chéile i mbun an cheoil. Is minic a sheinneann cairde nó daoine muinteartha ceol beirte nó ceol triúir le chéile.

Seán Ó Riada agus Ceoltóirí Chualann

Bhí tionchar an-mhór ag Seán Ó Riada, ceoltóir, cumadóir agus cóiritheoir ceoil, ar cheol traidisiúnta na hÉireann a sheinm mar ghrúpa. Chuir an Riadach grúpa ceoltóirí traidisiúnta a bhí ina gcónaí i mBaile Átha Cliath le chéile sa bhliain 1960. Don chéad uair, bhí an ceol traidisiúnta á sheinm le tréithe den chóiríúchán is iondúla a chloisteáil sa cheol clasaiceach (*comhcheol, ceol aonair agus ceol beirte á mhalartú le ceol an ensemble*). Chuaigh ceolchoirmeacha agus ceiríní Cheoltóirí Chualann ar chuid mhór de na grúpaí a bhfuil cáil ar fud an domhain orthu a tháinig chun cinn ó shin; The Chieftains, Planxty, The Bothy Band, Altan agus Danú gan ach roinnt acu a lua.

Tá cuid mhór grúpa a sheinneann ceol traidisiúnta na hÉireann sa lá atá inniu an a úsáideann tionlacan giotáir nó busúcaí. Tá roinnt grúpaí ann a bhain leas as an gceol traidisiúnta a fhí le cineálacha eile ceoil, mar shampla, rac-cheol, snagcheol, ceol ceolfhoirne agus ceol na ndaoine as áiteanna eile ar fud an domhain.

An Banna Céilí

Seinneann Bannaí Céilí ceol don damhsa ag céilithe agus imeachtaí damhsa seite. Déanfar scrúdú breise ar an mBanna Céilí agus ar dhá uirlis eile, an pianó agus na drumáí, i gCeacht 10.

Díol Suime

- Fadó bhíodh damhsa sna tithe in Éirinn. Ba iad ceoltóirí na háite a bhíodh sa bhanna agus leanadh an damhsa go maidin.
- D'fhéadfadh nach mbeadh am ar bith socraithe do dheireadh seisiúin sa chás go bhfuil na ceoltóirí ag baint taitnimh as an gceol. D'fhéadfadh seisiún leanacht lá agus oíche ag Fleadh!
- Tá cáil go forleathan ar Bhanna Céilí Chill Fhionnúrach as Contae an Chláir.
- Ba é Seán Ó Riada an chéad duine a chóirigh ceol traidisiúnta na hÉireann do ghrúpa ceoil.
- Bhí cáil ar Peter Horan agus Fred Finn as Contae Shligigh faoin gceol beirte ar fhidil agus feadóg mhór

CEACHT 11 Ceol Beirte / Ceol Triúir / An Grúpa Ceoil

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- éisteacht le ceol de stíleanna agus de chineálacha éagsúla agus cur síos a thabhairt air (*ceol traidisiúnta na hÉireann, ceol neamhfhoirmeálta ar mhaithe le pléisiúr, ceol beirte, ceol triúir agus ceol grúpa*).
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.

Acmhainní



AONAD 6 An Ensemble / CEACHT 11 Ceol Beirte / Ceol Triúir / An Grúpa Ceoil

BILEOG OIBRE 11 DON DALTA An Ensemble: Ceol Beirte / Ceol Triúir / An Grúpa Ceoil

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir fuaimeanna éagsúla agus uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú
- finte áirithe uirlisí a aithint.

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna aonair agus fuaimeanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

TUISCINT DON STÍL

- éisteacht le ceol agus freagairt do réimse leathan stíleanna.

Éisteacht

Seinneann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD ina bhfeictear ceoltóirí óga ag seinm ag seisiún neamhfhoirmeálta. D'fhéadfaí na leanaí a spreagadh chun cnagcheol na colainne a dhéanamh mar thionlacan leis an gceol (*méaraíocht, cliceáil, bualadh bos etc.*).

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stophtar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. Díritear aird na ndaltaí ar ghnéithe faoi leith le linn dóibh éisteacht le ceol beirte, ceol triúir nó le grúpaí ceoil. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos óna daltaí.

CEACHT 11 Ceol Beirte / Ceol Triúir / An Grúpa Ceoil

CEOL BEIRTE

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an bpolca?

UIGEACHT An gcloiseann tú an fhuaim a thagann ó gach ceann de na huirlisí? (*consairtín agus píob uilleann*). An bhfuil tú in ann péirí uirlisí eile a chuirfí le chéile do cheol traidisiúnta na hÉireann a ainmniú?

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na píosaí a thagann arís agus arís eile sa cheol? An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin (*AABB / AABB*). Léirigh go bhfuil tú á chloisteáil sin trí do lámh dheas a choinneáil in airde i rith na coda tosaigh agus athrú go dtí an lámh chlé i rith an dara páirt agus mar sin de.

MOTHÚ Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach, croíúil*).

CEOL TRIÚIR

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an ríl seo?

UIGEACHT An gcloiseann tú gach ceann de na huirlisí? (*veidhlín, bainseo, cairdín cnaipí*). An bhfuil tú in ann uirlisí eile a chuirfí le chéile do thriúr ag seinm cheol traidisiúnta na hÉireann a ainmniú?

MOTHÚAN gceapann tú go dtaitníonn leis na ceoltóirí seo bheith ag seinm le chéile? Cén fáth a shíleann tú sin?

GRÚPA CEOIL

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an bpíosa seo?

UIGEACHT An gcloiseann tú gach ceann de na huirlisí? (*veidhlín, píob uilleann, cairdín cnaipí, consairtín, feadóg mhór*). An gcloiseann tú na huirlisí de réir mar a thagann siad isteach leis an gceol?

RÉ Tá roinnt nótaí fada sa bhfonn atá á sheinm anseo. An bhfuil tú in ann iad a phiocadh amach? Cuir do lámh in airde nuair a chloiseann tú nótaí fada.

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú grúpa ag seinm ceol traidisiúnta na hÉireann cheana? Cén áit? Ar ceolchoirm a bhí ann? Ar seisiún neamhfhoirmeálta a bhí ann? Cé bhí ag seinm? Cé bhí ag éisteacht?

Bailchríoch ar an Obair

- Plé ghairid mar achoimre ar na grúpaí éagsúla daoine a sheinneann ceol traidisiúnta na hÉireann.
- Taifeadadh gairid ar DVD de ensemble mór teagascóirí ag an Scoil Éigse, an scoil shamhraidh sa cheol traidisiúnta a bhíonn ar siúl gach bliain roimh Fleadh Cheoil na hÉireann.
- Bileog Oibre 11 don Dalta: **An Ensemble: Ceol Beirte / Ceol Triúir / An Grúpa Ceoil**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas. (*réimse damhsaí Gaelacha éagsúla a dhéanamh e.g. cor beirte, Baint an Fhéir, Réicí Mhala, An Staicín Eorna, damhsa seite de chuid na háite*).
- EALAÍN** - péinteáil ón mbreathnú e.g. grúpa daoine ag ceol mar bhanna.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 6 An Ensemble CEACHT 11 Ceol Beirte / Ceol Triúir / An Grúpa Ceoil

1. Nuair a sheinneann beirt ceoltóirí le chéile, tugtar d _ sr _ _ d air sin.
2. Tríréad a thugtar ar an ngrúpa ina bhfuil (triúr, ceathrar, cúigear) ceoltóirí ag seinm in éineacht.
3. Nuair a sheinneann grúpa ceoltóirí le chéile go neamhfhoirmeálta ar mhaithe le pléisiúr, tugtar seisiún ceoil air sin.

Sceitseáil an seisiún a chonaic tú ag tús an cheachta nó seisiún ceoil traidisiúnta a chuala tú in áit éigin eile.

CUIR LE CHÉILE CINEÁLACHA ENSEMBLE DE DO CHUID FÉIN

AN ENSEMBLE	NA HUIRLISÍ	NA HUIRLISÍ	NA HUIRLISÍ
Dísréad	Veidhlín Feadóg Mhór		
Tríréad	Bainseo, Veidhlín Cairdín Cnaipí		
Grúpa Ceoil	3 Veidhlín, 3 Fheadóg Mhór Cláirseach, Consairtín, Píb Uilleann		

CEACHT 12 An Banna Céilí / An Pianó / Na Drumaí

An Banna Céilí

Ar cheann de na bannaí céilí is túsce a sheinn ar 2RN (*Raidió Éireann*), i rith fichedaí an fichiú haois, bhí 'The Ballinakill Traditional Players'. Lucht veidhlíní agus feadóga móra is mó a bhí sa bhanna sin as Baile na Cille in oirthear na Gaillimhe agus pianadóir ag coinneáil tionlacain leo. Ó ritheadh an tAcht um Hallaí Rince Poiblí sa bhliain 1935, tá borradh faoi na bannaí céilí.

Sa ghnáthbhanna céilí, bíonn ceoltóirí veidhlíní, feadóga móra, cairdín, pianó agus drumaí. Is minic an bainseo, an phíb uilleann nó an consairtín á seinm freisin. Bíonn tionlacan láidir rithime leis an gceol ón bpianó agus ó na drumaí, rud a mbíonn tóir ag damhsóirí seite agus damhsóirí céilí air.



Dhá bhanna céilí a bhfuil cáil mhór orthu banna na Tulaí agus banna Chill Fhionnúrach i gContae an Chláir. Is é comórtas sinsir na mBannaí Céilí ag Fleadh Cheoil na hÉireann buaicphointe na bliana ag cuid mhór de lucht an cheoil agus bíonn bannaí as gach cuid d'Éirinn agus go deimhin as gach cearn den domhan istigh ar an gcomórtas.

Bhí an banna clúiteach, Banna Céilí na Tulaí, as Contae an Chláir ar stampa speisialta a d'eisigh an Post sa bhliain 2008.



CEACHT 12 An Banna Céilí / An Pianó / Na Drumaí

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.
- finte áirithe uirlisí a aithint; uirlisí traidisiúnta na hÉireann, an pianó agus na drumaí.
- am a sé a hocht a thabhairt faoi deara (*port*).

Acmhainní



/ AONAD 6 An Ensemble / CEACHT 12 An Banna Céilí / An Pianó / Na Drumaí

BILEOG OIBRE 12 DON DALTA An Ensemble: An Banna Céilí / An Pianó / Na Drumaí

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).
- am a sé a hocht a thabhairt faoi deara (*port*)

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON TONDATH

- an difríocht idir fuaimeanna éagsúla agus uirlisí éagsúla a scrúdú, idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus iad a rangú.
- finte áirithe uirlisí a aithint.

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna aonair agus fuaimeanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

Éisteacht

Casann an múinteoir an taifeadadh ar an DVD den Dartry Céilí Band. D'fhéadfaí na leanaí a spreagadh chun cnagcheol na colainne a dhéanamh mar thionlacan leis an gceol (*méaraíocht, clíceáil, bualadh bos etc.*).

CEACHT 12 An Banna Céilí / An Pianó / Na Drumaí

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. Díreann aird na ndaltaí ar ghnéithe faoi leith le linn dóibh éisteacht leis an mbanna céilí, leis an bpianó agus leis na drumaí. D'fhéadadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos óna daltaí.

AN BANNA CÉILÍ

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an bport seo?

UIGEACHT Éist leis na huirlisí éagsúla. An bhfuil tú in ann an fhuaim a thagann ó gach uirlis acu a phiocadh amach? An gcloiseann tú an pianó agus na drumaí a chuidíonn le béim a chur ar an mbuille láidir tréan? Bíonn ceol an bhanna céilí iontach le haghaidh damhsa mar gheall ar an rithim láidir sin.

COMHDHÉANAMH An dtugann tú faoi deara na píosaí a thagann arís agus arís eile sa cheol? An gcloiseann tú go bhfuil dhá pháirt sa tiún seo? Seinntear gach páirt faoi dhó agus seinntear an tiún ar fad an dara huair ina dhiaidh sin. (*AABB / AABB*). An bhfuil tú féin agus do pháirtí in ann sraith cnagchleasanna colainne a chur le chéile a léireadh sin?

AN PIANÓ

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an ríl seo?

UIGEACHT An gcloiseann tú gur leis an deasóg atá an fonn nó an tiún á sheinm agus gur cordaí tionlacain atá á seinm leis an gciotóg? Sa bhanna céilí, bíonn an pianadóir ag díriú ar an tionlacan.

NA DRUMAÍ

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an ríl seo?

UIGEACHT An bhfuil tú in ann na huirlisí éagsúla a chloisteáil? (*na drumaí, an pianó*).

TONDATH An gcloiseann tú na fuaimeanna éagsúla a bhaintear as páirteanna éagsúla de na drumaí?

Cur in lúl

- An ndearna tú damhsa ag céilí riamh?
- An raibh banna céilí i láthair? Ar cuimhin leat cé na huirlisí a bhí á seinm?
- Dá mbeifeása ag seinm le banna céilí, cén uirlis ba mhaith leat a sheinm?
- An bhfuil aon duine sa rang a sheinneann an pianó?

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Taifeadadh gairid ar an DVD ina bhfeictear Banna Céilí Inis Fraoigh.
- Plé ghairid mar achoimre ar ghnéithe agus ar fheidhmeanna a bhaineann leis an mbanna céilí.
- Bileog Oibre 12 don Dalta: **An Ensemble: An Banna Céilí / An Pianó / Na Drumaí**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas. ((*réimse damhsaí Gaelacha éagsúla a dhéanamh e.g. cor beirte, Baint an Fhéir, Réicí Mhala, An Staicín Eorna, damhsa seite de chuid na háite*)).
- **EALAÍN** - péinteáil ón mbreathnú e.g. grúpaí daoine ag ceol mar bhanna.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 6 An Ensemble CEACHT 12 An Banna Céilí / An Pianó / Na Drumáí

Sa ghnáthbhanna céilí, bíonn ceoltóirí veidhlíní, feadóga móra, cairdín, pianó agus drumáí. Is minic an bainseo, an phíb uilleann nó an consairtín á seinm freisin. Bíonn tionlacan láidir rithime leis an gceol ón bpianó agus ó na drumáí, rud a mbíonn tóir ag damhsóirí seite agus damhsóirí céilí air.

Is é comórtas sinsir na mBannaí Céilí ag Fleadh Cheoil na hÉireann buaicphointe na bliana ag cuid mhór de lucht an cheoil agus bíonn bannaí as gach cuid d'Éirinn agus go deimhin as gach cearn den domhan istigh ar an gcomórtas

Ón eolas thuas agus ón méid a d'fhoghlaim tú ón DVD, tarraing pictiúr de bhanna céilí. Cuimhnigh ar ainm don bhanna!



MEAITSEÁIL NA LIPÉID AGUS NA PICTIÚIR CEARTA LE CHÉILE

Céilí

Drumáí

Pianó



CEACHT 13 Amhránaíocht Sean-nóis / Amhránaíocht thraidisiúnta i mBéarla

Amhránaíocht ar an Sean-nós

Tugtar 'amhránaíocht ar an sean-nós' ar an seanstíl amhránaíochta gan tionlacan nuair a bhítear ag 'gabháil fhoinn' nó ag 'fonnadóireacht' i nGaeilge. Amhráin sheanda a bhíonn i gceist a tugadh anuas ó ghlúin go glúin. Go dtí le gairid, ba stíl amhránaíochta seo a mhair go nádúrtha sna ceantair Ghaeltachta ach tá sé ag éirí níos coitianta anois i measc daoine óga i gceantracha eile den tír.

Tá roinnt de na hamhráin sean-nóis atá mall gan aon rithim rialta leo agus cuid eile atá bríomhar agus buille tréan leo.

Bíonn fonn álainn le hamhráin sean-nóis agus téamaí, mar shampla an grá nó aimsir cruatain i stair na hÉireann, ag baint le filíocht na bhfocal. Samplaí d'amhráin cháiliúla de chuid thraidisiúin an tsean-nóis 'An Droighneán Donn' agus 'Bean Dubh an Ghleanna'.

Amhránaíocht Thraidisiúnta i mBéarla

Bíonn amhráin thraidisiúnta á gcanadh i mBéarla in Éirinn chomh maith. Tá amhráin mhalla ann agus amhráin bhríomhara.

Tá amhráin ann ar théamaí éagsúla, mar shampla, an grá, cogaíocht, imirce, feirmeoireacht agus cineálacha eile saothair.

Tá amhránaithe ann a chanann amhráin i mBéarla agus i nGaeilge. Uaireanta bíonn amhrán amháin leath i nGaeilge agus leath i mBéarla! Amhrán macarónach a thugtar ar amhrán den sórt sin.

Samplaí d'amhráin thraidisiúnta Béarla a bhfuil cáil orthu is ea 'The Boys of Barr na Sráide' agus 'The Green Fields of Canada'.

Portaireacht

Is féidir portaireacht a dhéanamh in áit seinm ar uirlis ar mhaithe le ceol damhsa. Déantar portaireacht trí fhocail gan bhrí a chur le fonn, mar shampla le port nó le ríl - focail de leithéid didil, didilí - aidhdil am! Tá scil mhór i gceist le portaireacht a dhéanamh go maith. Uaireanta deirtear 'port béil', 'daidhdleáil' nó 'gob music' ag tagairt don phortaireacht.

Feadaíl

Bealach eile fós í an fheadaíl chun ceol a dhéanamh gan aon uirlis. An té a bhfuil port maith feadaíola aige, féadann sé an-chuma a chur ar phort nó ar ríl.

CEACHT 13 Amhránaíocht Sean-nóis / Amhránaíocht thraidisiúnta i mBéarla

SNÁTH Éisteacht agus Freagairt

SNÁTHAONAD Iniúchadh Fuaimeanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- na cineálacha éagsúla fuaime is féidir a chruthú leis an nglór cinn a thabhairt faoi deara (*amhránaíocht sean-nóis, stíl amhránaíochta thraidisiúnta, portaireacht*).
- éisteacht le ceol de stíleanna agus de chineálacha éagsúla agus cur síos a thabhairt air (*amhránaíocht sean-nóis, amhránaíocht thraidisiúnta*).
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- idirdealú a dhéanamh idir buille rialta agus ceol nach bhfuil buille tréan leis.
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.

Acmhainní



/ **AONAD 7** Ceol an Bhéil / **CEACHT 13** Amhránaíocht Sean-nóis / Amhránaíocht thraidisiúnta i mBéarla

BILEOG OIBRE 13 DON DALTA Ceol an Bhéil

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).
- ceol a bhfuil siolla nó buille rialta leis a aithint ó cheol nach bhfuil buille tréan leis agus idirdhealú eatarthu.

TUISCINT DON LUAS

- pátrúin tapa agus pátrúin mhalla sa rithim agus sa bhfonn a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna (*glór*) aonair agus fuaimeanna arna gcur le chéile (*glórtha*) a thabhairt faoi deara le linn éisteachta.

TUISCINT DON STÍL

- éisteacht le ceol agus freagairt do réimse leathan stíleanna.

Éisteacht agus Cur Síos

Castar na míreanna taifeadta le tráchtairacht ar an DVD agus stophtar iad ó am go chéile go ndéantar iad a phlé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. Díreann aird na ndaltaí ar ghnéithe faoi leith le linn dóibh éisteacht le hamhránaíocht sean-nóis agus le hamhránaíocht thraidisiúnta. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

CEACHT 13 Amhránaíocht Sean-nóis / Amhránaíocht thraidisiúnta i mBéarla

AMHRÁN AS GAEILGE LE TIONLACAN

- BUILLE** An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an amhrán seo?
- UIGEACHT** An gcloiseann tú glórtha na n-amhránaithe éagsúla? Cé na huirlisí a aithníonn tú? (*consairtín, cairdín pianó, giotar, bainseo, feadóg mhór*).
- MOTHÚ** Tabhair cur síos ar an mothú nó an meon atá leis an bpíosa ceoil seo.... (*bríomhar, gliondarach, croíúil*).

AMHRÁN AS GAEILGE GAN TIONLACAN

- BUILLE** An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an amhrán atá an bheirt chailíní a chanadh?
- UIGEACHT** An gcloiseann tú glór gach aon chailín acu?
- MOTHÚ** An dóigh leat go mbaineann na hamhránaithe seo sásamh as canadh le chéile? Conas a thuigtear sin duit?

AMHRÁN AR AN SEAN-NÓS

- BUILLE** An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an amhrán seo? Amhrán sean-nóis é seo a bhfuil buille leis. Tá roinnt amháin sean-nóis ann nach bhfuil buille rialta leo.
- STÍL** An gcloiseann tú an 'ornáidíocht' a úsáideann an t-amhránaí mar mhaisiú ar nótaí áirithe san amhrán? Sin ceann de tréithe na hamhránaíochta ar an sean-nós.

AMHRÁNAÍOCHT THRAIDISIÚNTA i mBÉARLA

- STÍL** An gcloiseann tú an 'ornáidíocht' a úsáideann an t-amhránaí mar mhaisiú ar nótaí áirithe san amhrán? Sin ceann de tréithe na hamhránaíochta traidisiúnta.
- COMHDHÉANAMH** An gcloiseann tú na focail sa churfá nach bhfuil aon chiall leo? 'Portaireacht' a thugtar ar an gcineál sin amhránaíochta. An bhfuil tú in ann triail a bhaint as?

Cur in lúl

B'fhéidir go n-iarrfadh an múinteoir ar na leanaí cur síos a thabhairt ar a gcuireann an ceol ina n-inchinn.

- Ar chuala tú amhránaíocht den chineál seo cheana?
- An gcuireann an ceol áit faoi leith nó tráth áirithe den bhliain i gcuimhne duit?
- Cé na hamhráin Ghaeilge atá ar eolas agat?
- An bhfuil aon amhrán traidisiúnta a bhaineann le do cheantar féin?
- An bhfuil aon amhrán ar eolas agat a bhfuil scéal á insint ann?

Bailchríoch ar an Obair

- Plé ghairid mar achoimre ar na cineálacha éagsúla ceoil a dhéantar leis an mbéal i dtraidisiún na hÉireann.
- Bileog Oibre 13 don Dalta: **Ceol an Bhéil**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- STAIR** - Éisteacht le hamhráin traidisiúnta de chuid na hÉireann ina gcuirtear síos ar dhaoine nó ar eachtraí de chuid na staire.
- TÍREOLAÍOCHT** - Éisteacht le hamhráin agus le bailéid de chuid na háite ina gcuirtear síos ar ghnéithe den cheantar.

CEACHT 14 Damhsa Sean-nóis / Céime / Seite

SNÁTH *Éisteacht agus Freagairt*

SNÁTHAONAD *Iníúchadh Fuaimeanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó*

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- éisteacht le stíleanna agus le cineálacha éagsúla ceoil, sleachta coitianta san áireamh, cur síos a thabhairt orthu agus an fheidhm atá leo a thabhairt faoi deara.
- an buille rialta a léiriú agus iad ag éisteacht le ceol taifeadta.
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.

Acmhainní



/ AONAD 8 Damhsa / CEACHT 14 Damhsa Sean-nóis / Céime / Seite

BILEOG OIBRE 14 DON DALTA Damhsa Sean-nóis / Céime / Seite

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).

TUISCINT DON LUAS

- pátrúin tapa agus pátrúin mhalla sa rithim agus sa bhfonn a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

TUISCINT DON UIGEACHT

- difríochtaí idir fuaimeanna aonair agus fuaimeanna a thagann le chéile a aithint le linn éisteachta.

Éisteacht agus Freagairt

Casann an múinteoir an t-ábhar taifeadta den damhsa sean-nóis, den damhsa céime agus den damhsa seite ar an DVD. D'fhéadfaí na leanaí a spreagadh le cnagcheol na colainne a dhéanamh ag coinneáil tionlacain leis an gceol (*bualadh láimhe, smeachadh na méar, bualadh bos etc.*). Is féidir an DVD a stopadh ó am go chéile chun plé a dhéanamh agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol agus ar na stíleanna damhsa. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos óna daltaí.

DAMHSA AR AN SEAN-NÓS

BUILLE Ar thug tú faoi deara an damhsóir ag bualadh coise faoin urlár ag réiteach leis an damhsa a dhéanamh? An bhfuil tú in ann na méara a smeachadh nó do chos a bhualadh ar an urlár ag coinneáil le buille rialta an ríl?

LUAS An ceol mall nó ceol tapa atá anseo? Ní mór ceol bríomhar don damhsa ar an sean-nós.

TONDATH An gcloiseann tú cé na huirlisí atá á seinm don damhsóir? (*dhá fheadóg mhóra*).

UIGEACHT An gcloiseann tú cosa na ndamhsóirí agus ceol na fliúite?

CEACHT 14 Damhsa Sean-nóis / Céime / Seite

DAMHSA CÉIME

BUILLE Buail do chois ag coinneáil leis an mbuille rialta.

COMHDHÉANAMH Abair 'hop' nuair a chloiseann tú an t-athrú go dtí an dara ríl.

UIGEACHT An gcloiseann tú cosa na ndamhsóirí agus ceol na n-uirlisí?

TONDATH An aithníonn tú na huirlisí atá á seinm? (*consairtín, feadóg mhór, cairdín cnaipí, veidhlín*).

DAMHSA SEITE

BUILLE An dóigh leat go bhfuil tábhacht leis an mbuille rialta do na damhsóirí seite? Bíonn siad ar fad ag damhsa de réir am an cheoil.

COMHDHÉANAMH Abair 'hop' nuair a chloiseann tú an t-athrú go dtí an tiún nua. An dtugann tú faoi deara go n-athraíonn na damhsóirí an ghluaiseacht atá fúthu chomh maith leis na steipeanna?

UIGEACHT An gcloiseann tú cosa na ndamhsóirí agus ceol na n-uirlisí?

TONDATH An aithníonn tú na huirlisí atá á seinm? (*feadóg mhór, cairdín cnaipí, busúcaí*).

Cur in lúl

D'fhéadfadh an múinteoir iarraidh ar na leanaí cur síos a dhéanamh ar a gcuireann an damhsa agus an ceol ina gcuid smaointe.

- An bhfaca tú damhsa den chineál seo cheana?
- Ar chuala tú ceol den chineál seo cheana?
- Ar bhain tú triail as damhsa Gaelach de chineál ar bith?
- An bhfuil aon damhsa céilí nó damhsa seite ar eolas agat?
- An bhfuil eolas agat ar aon seit áitiúil a bhaineann le do cheantar féin?

Bailchríoch ar an Obair

- Plé ghairid mar achoimre ar na cineálacha éagsúla den damhsa Gaelach.
- Bileog Oibre 14 don Dalta: **Damhsa**

An fhreagairt a cheangal le réimsí eile den churaclam

- **CORPOIDEACHAS** - gluaiseacht le ceol i snáth an damhsa sa churaclam don chorpoideachas.
- **EALAÍN** - Pátrúin agus rithim a iniúchadh san ealaín don tsúil.

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 8 Damhsa CEACHT 14 Damhsa Sean-nóis / Céime / Seite

TABHAIR DEARADH AR ÉIDE
ILDAITE DO DHAMHSÓIRÍ CÉIME.



- Tobchumadóireacht a bhíonn sa damhsa a dhéantar ar an sean-nós. Cén chiall atá leis an bhfocal sin? (Úsáid foclóir)
- Coinníonn damhsóirí sean-nóis na cosa íseal leis an talamh agus iad ag damhsa. Ligeann siad do na corróga agus do na lámha bogadh.

**Tarraing Pictiúr de Dhamhsóir
Sean-Nóis**

BREAC SÍOS RUD AR BITH A D'FHOGHLAIM TÚ FAOI GACH CINEÁL DAMHSA

Damhsa ar an Sean-nós

Damhsa Céime

Damhsa Seite

CEACHT 15 Ríl / Port Dúbailte / Fonn Mall / Cornphíopa

CEACHT 16 Polca / Sleamhnán / Máirseáil

Is iomaí cineál éagsúil foinn a bhaineann le traidisiún ceoil na hÉireann. I measc na rithimí is coitianta, tá siad seo a leanas:

- Ríl
- Port (*port luascach, port singil agus port dúbailte*)
- Fonn (*fonn mall nó fonn bríomhar*)
- Cornphíopa
- Polca
- Sleamhnán
- Máirseáil

Ar na cineálacha eile foinn, tá flaing, mazurka, válsa, flaing Albanach, Schottische agus Rince Sciobóil.

Is iondúil go mbíonn dhá pháirt sa bhfonn. Uaireanta bíonn níos mó ná sin páirteanna le fonn faoi leith. Is minic gur in ochtach níos airde a bhíonn na nótaí leis an dara páirt. Uaireanta deir daoine gurb í an chuid sin 'casadh' an fhoinn. Is iondúil le ceoltóirí dó nó trí de phíosáí ceoil den aon chineál amháin a sheinm in éineacht. 'seit' nó 'rogha' a thugtar air sin.

An Ríl

Tháinig an ríl isteach i gceol na hÉireann as Albain san 18ú haois agus tá cnuasach mór fairsing ríleanna curtha le chéile ó shin. Is iondúil ríleanna a sheinm faoi luas bríomhar. Bíonn cuisle rialta leis an ríl ós fonn damhsa atá ann. Bíonn dhá ghrúpa ceithre chamánan ceann in aghaidh gach barra. 4/4 an comhartha ama, rud a dtugtar am coitianta air.

Port Dúbailte

Tá an port á sheinm in Éirinn leis na céadta bliain. Is iomaí amhrán a cumadh ar am an phoirt, mar shampla 'The Frost is All Over' agus 'Lannigan's Ball', 'Sí do Mhamóí'. Sé cinn de bhuillí camáin in aghaidh an bharrá a bhíonn sa phort. 6/8 an comhartha ama.

Port Luascach

Naoi gcinn de bhuillí camáin a bhíonn i ngach barra sa phort luascach. 9/8 an comhartha ama. Tá cuid mhaith amhrán traidisiúnta in Éirinn ar aon rithim leis an bport luascach, mar shampla 'The Rocky Road to Dublin' nó 'Nead na Lachan sa Mhúta'.

Fonn

D'fhéadfadh fonn bríomhar nó fonn mall a bheith ann. Is minic gur leagan uirlise den cheol a théann le hamhrán a bhíonn i gceist. Ní gá buille rialta bheith le fonn mall. Is samplaí d'fhoinn a bhfuil eolas go forleathan orthu 'Róisín Dubh' nó 'An Chúilfhionn'.

 **CEAIGHT 15** Ríl / Port Dúbailte / Fonn Mall / Cornphíopa

 **CEAIGHT 16** Polca / Sleamhnán / Máirseáil

An Cornphíopa

Tá déanamh an-chosúil le chéile ar an ríl agus ar an gcornphíopa ach go mbíonn béim aicinn ar an gcéad bhuille agus ar an tríú buille sa bharr i gcás an chornphíopa.

An Polca

Tá an polca ar na cineálacha foinn is coitianta i gCiarraí, i gCorcaigh agus i Luimneach. Is iondúil go seinntear faoi luas bríomhar é agus seinntear le haghaidh damhsa é. Bíonn dhá bhuille croisín i ngach barra ann. I measc na bpolcaí is fearr a mbeadh eolas orthu, tá 'Maggie in the Woods', 'The Rattlin' Bog' agus 'An bhfaca tú mo Shéamaisín?'.

An Sleamhnán

Ceanglaítear an sleamhnán le Ciarraí, Corcaigh agus Luimneach go háirithe. Tá baint ag an sleamhnán le cineálacha an phoirt. I measc na sleamhnán is mó a mbeadh eolas orthu tá 'The Dingle Regatta' agus 'Aunty Mary had a Canary!'.

An Máirseáil

Seinntear ceol máirseála ar fud an domhain. Baineann siad le ceol an airm ó bhunús. Uaireanta seinntear seanfhoinn mháirseála a bhaineadh leis na seanteaghlaigh Gaelacha fadó mar a bheadh poirt mhalla iontu. Comhartha ama 4/4 atá leis na foinn mháirseála nua-aimseartha, ceithre bhuille in aghaidh an bharr. I measc na bhfoinn mháirseála a bhíonn á seinm go coitianta, tá 'Fáinne Geal an Lae', 'Roddy McCorley' agus 'The Star of the County Down'. Bíonn focail le roinnt de na foinn mháirseála.

Díol Suime

- Uaireanta deirtear 'athrú poirt' leis an gciall 'athrú intinne' nó 'rud eile a rá'.
- 'Píobaire an aonphoirt' a deirtear le duine a deir rud amháin arís agus arís eile.
- Bhíodh an fonn máirseála 'Ó Domhnaill Abú' mar cheol aitheantais ag Raidió Éireann (RTÉ). Bíonn na barraí tosaigh den fhonn sin le cloisteáil i gcónaí ag tús an cheoil do Nuacht RTÉ.
- Deirtear go mbíonn timpeall is cúig chéad fonn ar eolas ag an gceoltóir traidisiúnta de ghnáth.

 **CEAIGHT 15** Ríl / Port Dúbailte / Fonn Mall / Cornphíopa

SNÁTH *Éisteacht agus Freagairt*

SNÁTHAONAD *Iníúchadh Fuaimeanna/Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó*

Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh

- bealaí a fháil chun fuaimeanna a dhéanamh trí chnagcheol na colainne, ina mbeirteanna agus ina ngrúpaí beaga.
- an buille seasta a léiriú le linn éisteacht le ceol beo nó le ceol taifeadta.
- idirdhealú a dhéanamh idir buille rialta agus ceol nach bhfuil buille tréan leis.
- an buille tréan agus an buille lag a aithint agus iad a léiriú trí gheáitsíocht (*bualadh bos ar an mbuille tréan, bualadh na glúine ar an mbuille lag*).
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.
- idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna ar réanna éagsúla (*gearr nó fada*) le linn éisteacht le ceol.
- comharthaí ama éagsúla a thabhairt faoi deara agus a thuiscint.

Acmhainní

 / **AONAD 9** Cineálacha Fonn / **CEAIGHT 15** Ríl / Port Dúbailte / Fonn Mall / Cornphíopa

BILEOG OIBRE 15 DON DALTA Cineálacha Fonn

Coincheapanna

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).
- ceol a bhfuil siolla nó buille rialta leis a aithint ó cheol nach bhfuil buille tréan leis agus idirdhealú eatarthu.
- buillí tréana agus buillí laga a thabhairt faoi deara agus a aithint.
- comharthaí ama éagsúla a thabhairt faoi deara.

TUISCINT DON RÉ

- éisteacht le pátrúin de réimsí fuaime agus ciúnais atá fada agus gearr, aithris a dhéanamh orthu agus iad a chur i láthair.

TUISCINT DON LUAS

- pátrúin tapa agus pátrúin mhalla sa rithim agus sa bhfonn a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

CEACHT 15 Ríl / Port Dúbailte / Fonn Mall / Cornphíopa**Éisteacht agus Freagairt**

Castar an taifeadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

AN RÍL

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille tréan rialta atá leis an ríl seo ar an bhfidil? Tá ceithre bhuille i ngach barra. Coinnigh comhaireamh 'bundún leice' leis. An bhfuil tú in ann liodán eile a chumadh a d'fhéadfaí a choinneáil leis? Féach an mbeifeá in ann na bosa a bhualadh faoi chéile leis an mbuille tréan ag tús gach barra agus lámh a bhualadh ar do ghlúin leis an mbuille lag.

COMHDHÉANAMH Tá dhá ríl éagsúla á seinm anseo. Bí ag faire go gcloiseann tú an t-athrú.

BUILLE Ríl atá á sheinm ag an mbanna céilí chomh maith. An bhfuil tú in ann comhaireamh a choinneáil leis?

AN PORT DÚBAILTE

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille atá leis an bport seo? Coinnigh comhaireamh 'Francach is Sasanach' leis. An bhfuil tú in ann liodán eile a chumadh a d'fhéadfaí a choinneáil leis? Féach an mbeifeá in ann na bosa a bhualadh faoi chéile leis an mbuille tréan ag tús gach barra agus lámh a bhualadh ar do ghlúin leis an mbuille lag.

COMHDHÉANAMH An gcloiseann tú an t-athrú ón gcéad chuid go dtí an dara cuid? Buail do lámh ar do ghlúin i rith na coda tosaigh agus buail na bosa faoi chéile i rith an dara cuid.

FONN MALL

LUAS Cad is féidir leat a rá faoin luas atá leis an bpíosa ceoil seo? Fonn mall atá ann agus seinntear go mall é dá réir sin.

BUILLE An bhfuil buille rialta leis an bhfonn seo? An bhfuil sé deacair do chos a bhualadh ag coinneáil le ceol den chineál seo? Níl buille rialta le fonn mall den sórt seo mar atá leis an gceol damhsa a bhí le cloisteáil cheana. 'By the Mountain Streams where the Moorcock Crows' an t-ainm atá ar an bhfonn seo. Is fonn é a théann le focail amhráin.

RÉ An gcloiseann tú go bhfuil roinnt nótaí fada sa bhfonn agus sraitheanna nótaí gearra chomh maith?

AN CORNPHÍOPA

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille atá leis an gcornphíopa seo? Má bhíonn tú ag faire go géar, b'fhéidir go bhfeicfeá an píobaire ag bualadh a chois. Féach an mbeifeá in ann na bosa a bhualadh faoi chéile leis an mbuille tréan ag tús gach barra agus cos a bhualadh ar an talamh leis an mbuille lag.

COMHDHÉANAMH An gcloiseann tú an t-athrú ón gcéad chuid go dtí an dara cuid? Cuir do lámh in airde nuair a chloiseann tú an t-athrú.

BUILLE Éist anois le cornphíopa eile ón triúr ceoltóirí agus féach an bhfuil tú in ann na buillí a chomhaireamh i do cheann.

Bailchríoch ar an Obair

- Féach anois an aithníonn tú na cineálacha éagsúla fonn a raibh tú ag foghlaim mar gheall orthu.

CEACHT 16 Polca / Sleamhnán / Máirseáil**SNÁTH** Éisteacht agus Freagairt**SNÁTHAONAD** Iniúchadh Fuaimneanna /Éisteacht le Ceol agus Freagairt Dó**Ba cheart go gcuirfí ar chumas an linbh**

- bealaí a fháil chun fuaimneanna a dhéanamh trí chnagcheol na colainne, ina mbeirteanna agus ina ngrúpaí beaga.
- an buille seasta a léiriú le linn éisteacht le ceol beo nó le ceol taifeadta.
- an buille tréan agus an buille lag a aithint, iad a léiriú trí gheáitsíocht.
- luas an cheoil a aithint agus cur síos air mar cheol tapa nó ceol mall.
- comharthaí ama éagsúla a thabhairt faoi deara agus a thuiscint.

Acmhainní

/ AONAD 9 Cineálacha Fonn / **CEACHT 16** Polca / Sleamhnán / Máirseáil

BILEOG OIBRE 16 DON DALTA Cineálacha Fonn**Coincheapanna**

TUISCINT DON BHUILLE

- buille nó siolla rialta a léiriú (*am a choinneáil leis an gceol*).
- buillí tréana agus buillí laga a thabhairt faoi deara agus a aithint.
- comharthaí ama éagsúla a thabhairt faoi deara.

TUISCINT DON LUAS

- pátrúin tapa agus pátrúin mhalla sa rithim agus sa bhfonn a thuiscint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.

TUISCINT DON CHOMHDHÉANAMH

- páirt éagsúil nó páirt a sheinntear arís a aithint.
- freagairt le tuiscint don fhrása (*an briseadh nádúrtha sa cheol a thabhairt faoi deara*).

TUISCINT DON STÍL

- éisteacht le ceol agus freagairt do réimse leathan stíleanna.

CEACHT 16 Polca / Sleamhnán / Máirseáil

Éisteacht agus Freagairt

Castar an taifeadadh le tráchtairacht ar an DVD agus stoptar é ó am go chéile go ndéantar plé agus aird á dhíriú ar ghnéithe den cheol. D'fhéadfadh go mbeadh aird ar chuid de na tréithe seo a leanas sa treoir don éisteacht nó sa chur síos ó na daltaí.

AN POLCA

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille atá leis an bpolca? Tá dhá bhuille i ngach barra. Comhairigh 'haon 's a dó 's a...'

COMHDHÉANAMH Dhá pháirt atá sa pholca seo. Oibrigh in éineacht le do pháirtí chun scéim de chnagcheol na colainne a cheapadh trína léirítear na páirteanna éagsúla.

AN SLEAMHNÁN

BUILLE An bhfuil tú in ann do chos a bhualadh leis an mbuille atá leis an bport sleamhnáin seo? Is féidir 'Francach is Sasanach' a rá mar liodán le port sleamhnáin ó tá ceangal dlúth idir é agus cineálacha éagsúla den phort. An mbeifeá in ann cuimhniú ar mhalairt liodáin? Féach an mbeifeá in ann na bosa a bhualadh ar an mbuille tréan agus do chos a bhualadh ar an mbuille lag.

LUAS Cad a déarfá faoi luas an pháiosa ceoil seo? Tá an sleamhnán seo á chasadh faoi luas bríomhar go maith ós ceol damhsa atá ann.

COMHDHÉANAMH An gcloiseann tú an t-athrú ón gcéad chuid go dtí an dara cuid? Buail do lámh ar do ghlúin i rith an chuid tosaigh den phort sleamhnáin agus buail na bosa faoi chéile i rith an dara cuid.

STÍL Bíonn sleamhnáin an-choitianta i gCiarraí, i gCorcaigh agus i Luimneach. Aimsigh na contaetha sin ar mhapa na hÉireann.

AN MHÁIRSEÁIL

BUILLE Éist le buille an drumma ag an tús. An bhfuil buille rialta leis an bhfonn seo? Bíonn buille tréan rialta leis an máirseáil. Déan máirseáil le buille an cheoil.

COMHDHÉANAMH An gcloiseann tú an t-athrú ón gcéad chuid go dtí an dara cuid? Éist go gcloiseann tú an nós atá ag an drumadóir uaireanta seinm ar bhealach faoi leith le cuid amháin agus ar a mhalairt de bhealach le cuid eile den mháirseáil.

Bailchríoch ar an Obair

- Éisteacht: Féach anois an aithníonn tú na cineálacha éagsúla fonn a raibh tú ag foghlaim mar gheall orthu.
- Bileog Oibre 16 don Dalta: **Cineálacha Fonn**

Ceol, Amhránaíocht & Damhsa Traidisiúnta na hÉireann

AONAD 9 Cineálacha Fonn

CEACHT 15 & CEACHT 16

MATCH THE INFORMATION WITH THE CORRECT TUNE TYPE.

Níl buille rialta leis an gcineál seo fonn. Is minic gurb é an ceol é a théann le hamhrán.

Cineál fonn a bhaineann leis an arm. Tá buille an-rialta leis. D'fhéadfaí máirseáil leis an mbuille.

Abair 'Francach is Sasanach'. Bíonn an fonn seo in am a sé a hocht.

Ceann de chineálacha an phoirt. Is cineál iontach fonn é seo don damhsa. B'fhéidir go mbeadh rud den ainm céanna in ionad spraoil!

Is féidir 'bundún leice' a chur de liodán leis an bhfonn seo. Síltear gur as Albain a tháinig an cineál seo go hÉirinn ar dtús.

Tá an cineál seo fonn an-chosúil leis an ríl ó thaobh leagan amach nó struchtúir. Nod... C ___ P ___ P _

Cineál fonn atá an-choitianta i gCiarraí, i gCorcaigh agus i Luimneach. Comhairtear '1 's a 2 's a...'

Máirseáil

Sleamhnán

Cornphíopa

Port Dúbailte

Ríl

Fonn Mall

Polca

QUESTION TIME

- Ar chuala tú cheana faoi chineál ar bith de na fonn seo? _____
- An ndearna tú damhsa riamh le cineál ar bith de na fonn seo? _____
- Cé acu cineál de na fonn seo is fearr leat? _____
Cén fáth? _____

LIOSTA LÉITHEOIREACHTA

- Ó hAllmhúráin, Gearóid: A Pocket History of Traditional Music, O'Brien Press, 1998.
- Ó Riada, Seán: Our Musical Heritage, The Dolmen Press, 1982.
- Breathnach, Breandán: Folkmusic and Dances of Ireland, The Talbot Press, 1971.
- Vallely, Fintan (eag.): The Companion to Irish Traditional Music,